thoradh air sin, ciontaíodh go coiriúil na Tiarnaí Talún a bhí i gceist agus gearradh fíneálacha agus costais €95,770 san iomlán orthu.

Gné an-tábhachtach de rialú na hearnála is ea clár an BTCP. Cinntíonn sé go seasann siad siúd atá páirteach sa ghnó a bhaineann le tithíocht a ligean ar cíos costais na rialála agus nach bhfuil ar an gcáiníocóir atá go mór faoi bhrú é sin a dhéanamh a thuilleadh. Cuirtear an clár ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim chun comhlíonadh cánach maidir le hioncam cíosa a éascú agus don Roinn Coimirce Sóisialaí ar mhaithe le calaois a bhrath.

Aithníonn an BTCP go bhfuil na pionóis do chlárúchán déanach atá cumhdaithe san Acht (.i. clárúchán a dhúbailt ó €90 go dtí €180 tar éis míosa) róphionósach. D'iarr an Bord go ndéanfaí leasú air seo agus go gcuirfí scála aistritheach, €20 sa mhí, i bhfeidhm i leith táillí déanacha faoi réir caidhp fhoriomlán. Tuigimid go gcuirfear é seo san áireamh sa Bhille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) nuair a dhéanfar é a achtú.

### SEIRBHÍSÍ RÉITITHE DÍOSPÓIDÍ

Ba chóir a lua go gcomhlíonann formhór na dTiarnaí Talún agus na dTionóntaí an dlí agus nár bhain Díospóid ach le 1% de Thionóntachtaí in 2014. Tá cuid mhór den bhuíochas faoi seo ag dul don chomhairle agus don treo ar chearta / ar fhreagrachtaí san Acht a cuireadh ar fáil in 110,000 glaoch agus 42,000 ríomhphost / litir a láimhsigh ár Lárionad Glaonna in SouthWestern.

Mar sin féin, tháinig fás 104% ar líon na nDíospóidí a láimhsigh foireann an BTCP ó 2008. Rinneadh 3,374 iarratas Díospóide (ar sheirbhísí Idirghabhála agus Breithnithe)

san iomlán (ina raibh 6,071 gearán faoi leith le próiseáil). Rinneadh achomharc chuig Binse maidir le toradh 447 cás. Ba iad Riaráistí Cíosa agus rósheilbh, a raibh baint acu le 34% de na cásanna, na cúiseanna ba mhó a bhí le Díospóidí. Bhí Fógra Foirceanta Neamhbhailí ar an dara cúis ghearáin ba mhó ag 25% agus bhí Coinneáil Éarlaise sa tríú catagóir Dhíospóide ba mhó ag 23% de na cásanna. Mura dtugtar éarlais ar ais, d'fhéadfadh sé nach mbeadh Tionónta ábalta cóiríocht eile a fháil ar cíos agus d'fhéadfadh sé sin cur isteach go mór ar Thionóntaí leochaileacha. Faoi mar is léir in Earnáil na nÚdarás Áitiúil, ceist shuntasach is ea Riaráistí Cíosa sna hearnálacha go léir a bhaineann le tithíocht ar cíos.

Tugadh isteach Idirghabháil Ghutháin in 2014. Fágann an tseirbhís nua seo gur féidir le páirtithe sa chás a nDíospóid a réiteach le cúnamh ó Idirghabhálaí oilte ag am atá oiriúnach dóibh agus ní gá dóibh bogadh óna dtithe féin. Baineadh leas as idirghabháil ghutháin in 577 cás in 2014 agus tá sé an-suntasach gur gcloíonn 99% díobh leis an socrú a rinneadh.

Níor cloíodh le hOrduithe Cinnidh in 535 cás agus d'iarr páirtithe ar an BTCP forfheidhmiú a lorg ar a son. I gcomparáid

leis seo, bhí 100 cás in 2008, sin ardú 500%. Tugadh 450 cás ar aghaidh chuig 2014. Fuarthas 158 ordú ón gCúirt Chuarda in 2014 le cabhair ó Aturnaetha Eversheds, socraíodh 156 cás i ndiaidh d'fhoireann an BTCP idirghabháil a dhéanamh. Cuireadh 402 comhad ar aghaidh chuig ár nAturnaetha d'fhorfheidhmiú dlíthiúil. Tá 329 cás ar siúl fós ag deireadh 2014.

Tá cáineadh déanta ar an BTCP mar gheall ar mhoill a bhaineann le cásanna a phróiseáil. Le linn 2014 thóg Idirghabháil Ghutháin idir 10 agus 12 sheachtain ar an meán, thóg Breithniú / Idirghabháil idir cúig agus sé mhí agus thóg Binsí idir dhá mhí agus trí mhí. Cé gur feabhas é seo ar na 18 mí a thóg sé Idirghabháil a phróiseáil in 2008 (.i. roimh ríomhairiú agus bearta eile nua-aoisithe), baineann deacrachtaí móra leis fós do Thionóntaí atá ag fanacht le hÉarlais a fháil ar ais nó do Thiarna Talún a bhfuil Riaráistí Cíosa ag dul dó/di agus go háirithe má tá an Tionónta atá i gceist ag róshealbhú.

Scríobh Bord an BTCP go foirmiúil chuig an Roinn ag iarraidh athruithe sa reachtaíocht chun cásanna riaráistí cíosa a bhrostú, na próisis a bhaineann le fógraí foirceanta a shimpliú, agus chun an bealach inar féidir Orduithe Cinnidh a fhorfheidhmiú (nuair

## TUGADH ISTEACH IDIRGHABHÁIL GHUTHÁIN IN 2014.



nach gcloítear leo) a athrú. Tá sé an-tábhachtach maidir le rialú éifeachtach na hearnála go dtugtar aghaidh ar bhealach éifeachtach ar na ceistanna seo sa reachtaíocht reatha. Tuigtear dúinn go dtabharfar isteach Scéim Cosanta Éarlaise sa reachtaíocht chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le hÉarlaisí a bheith á gcoinneáil gan údar maith leis agus táimid ag súil leis an dúshlán a bhaineann leis seo a fheidhmiú. Tá an Roinn agus an BTCP ag féachaint freisin ar an gceist a bhaineann le soláthar foirne atá leordhóthanach, i gcomhthéacs na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a bheith á gcur san áireamh i sainchúram an Bhoird agus athruithe reachtacha eile.

## **CEAPACHÁIN AGUS FOIREANN**

Ritheadh dhá chomórtas do phainéal nua Idirghabhálaithe/Breithneoirí agus do Chomhaltaí CRD le linn 2014. Ba mhian linn an obair a rinne an dá phainéal atá ag imeacht a mholadh agus fáilte a chur roimh na painéil nua chuig an BTCP.

In 2014 d'éirigh an tUasal Paula O'Reilly, (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil) as a bheith ina Comhalta Boird, agus ba mhian linn aitheantas a thabhairt don méid a chuir sí leis an BTCP agus fáilte a chur roimh a comharba an tUasal Jimmy Leahy chuig an mBord.

Ba mhian linn buíochas a ghlacadh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil as an tacaíocht agus as an gcabhair a thug siad dúinn.

Ar deireadh, ba mhian linn buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann ar fad sa BTCP as a ndúthracht agus as an obair chrua a rinne siad le linn na bliana, go háirithe an fhoireann Ardbhainistíochta (Kathryn Ward, Pádraig McGoldrick, Carmel Diskin agus Janette Fogarty) as an gceannasaíocht a thug siad i gcúinsí a bhí deacair ar uairibh. Tá méadú tagtha ar gach réimse d'obair an Bhoird. Tá cead tugtha ag an Roinn foireann bhreise a cheapadh chun cuidiú leis an ualach oibre atá ann faoi láthair agus táimid ag tnúth leo agus tá comhráití ar siúl fós maidir le riachtanais foirne don reachtaíocht nua.

**Catriona Walsh, Cathaoirleach**

**Anne Marie Caulfield, Stiúrthóir**



CUID 1

[ GNÍOMHAÍOCHTAÍ  
CLÁRÚCHÁIN AN  
BTCP ]

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2014



# [ 01 ] GNÍOMHAÍOCHTAÍ CLÁRÚCHÁIN

Sracfhéachaint ar Ghníomhaíochtaí Clárúcháin 2014	
Líon iomlán na dtionóntachtaí	303,574
Líon na dtiarnaí talún	160,160
Líon na dtionóntaí*	*643,330
Líon iomlán na gcomhaontuithe tionóntachta nua a cláraíodh in 2014	**112,873
An meánlíon iarratas nua a fuarthas in aghaidh an lae	447
Líon na nglanna gutháin in 2014	110,410
Cistí a íocadh le hÚdaráis Áitiúla chun tabhairt faoi chigireacht íoschaighdeáin	€2.3m

\*Tabhair do d'aire go bhfuil an figiúr seo tógtha ó shonraí a chuirtear ar fáil ar iarratais ar chlárúcháin agus mar sin go bhféadfadh sé nach bhfuil gach tionónta i dtionóntacht san áireamh ann (e.g. mionaoisigh).

\*\*Tá nuashonruithe ar chlárúcháin ar líne san áireamh san fhiigiúr seo

Faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, bíonn ar thiarnaí talún iarratas a dhéanamh chuig an mBord chun tionóntachtaí a chlárú leis an BTCP laistigh de mhí ón am a gcuirtear tús leo. Tá cosc ar Thiarnaí Talún tionóntachtaí neamhchláraithe díospóid a threorú chuig an BTCP. Ní chuireann neamhchlárú isteach ar chearta tionóntaí agus tá teacht ag tionóntaí ar an tseirbhís réitithe díospóide beag beann ar an tionóntacht a bheith cláraithe.

## TÁILLÍ CLÁRÚCHÁIN TIONÓNTACHTA

Tá an BTCP féinchistithe go hiomlán agus faigheann sé a chuid cistiúcháin ó tháillí clárúcháin. I gcás tionóntachtaí a thosaíonn ar 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin:

→ €90 in aghaidh na tionóntachta, a fhad agus go bhfaigheann an BTCP an t-iarratas comhlánaithe ar chlárú laistigh de mhí amháin ón dáta ar cuireadh tús leis an tionóntacht. Beidh táille déanach €180 i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

FAOI DHEIREADH NA BLIANA 2014, BHÍ FEABHAS TAGTHA AR AN NGLACADH LE CLÁRÚ AR LÍNE GO DTÍ BEAGNACH 50%.

- Maireann an Clárúchán le linn thréimhse na tionóntachta, faoi réir ceithre bliana ar a mhéad. Ní mór tionóntachtaí a athchlárú nuair is ann dóibh ar feadh ceithre bliana.
- €375 i gcás tionóntachtaí iolracha (táille ilchodach) san fhoirgneamh céanna atá á gclárú ag an am céanna ag tiarna talún amháin laistigh de mhí den dáta ar cuireadh tús leis an gcéad tionóntacht.
- Ní bhíonn aon táille iníoctha má rinneadh dhá íocaíocht leis an BTCP i leith na tionóntachta le linn an dá mhí dhéag roimhe sin. Níl aon táille iníoctha as nuashonrú ar shonraí tionóntachta atá cláraithe cheana féin.

### SEIRBHÍSÍ CLÁRÚCHÁIN AR LÍNE

Is féidir tionóntachtaí a chlárú ar líne ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie). Ní gá ach cliceáil ar an deilbhín “cláraigh tionóntacht”. Tá sraith de cheisteanna coitianta agus leideanna áisiúla ar an láithreán gréasáin chun cabhrú le tiarnaí talún agus le gníomhairí chun tionóntachtaí a chlárú ar líne leis an BTCP. Faoi dheireadh na bliana 2014, bhí feabhas tagtha ar an nglacadh le clárú ar líne go dtí beagnach 50% agus leanann an BTCP de bheith ag cur na seirbhíse seo chun cinn agus de bheith ag spreagadh tiarnaí talún chun í a úsáid chomh mór agus is féidir.

### BUAICPHOINTÍ 2014


Tá líon na ngníomhaíochtaí sa BTCP ag fás go tréan agus is léiriú é seo ar an tábhacht níos mó a bhaineann le tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach chun riachtanais tithíochta a shásamh. De réir an daonáirimh is déanaí, tá an líon daoine atá ina gcónaí san earnáil tar éis dúbailt in imeacht deich mbliana.

Mar léiriú ar an treocht seo, tharla níos mó gníomhaíochtaí clárúcháin in 2014 ná riamh cheana, lena n-áirítear seirbhísí bainistithe doiciméad agus seirbhísí bainistithe teagmhála.

### CLÁRÚCHÁIN TIONÓNTACHTA

Fuair an BTCP díreach faoi bhun 113,000 iarratas ar thionóntachtaí a chlárú in 2014. Cé go raibh líon na gclárúcháin tionóntachta beagán níos ísle de bheagán le cois 1% bliain ar bhliain, bhí méadú 3% go dtí €11.6 milliún\* ar an ioncam foriomlán a gineadh. Tá sé seo níos mó ná 20% níos airde ná an t-ioncam clárúcháin a gineadh in 2011 agus in 2012.

*\*Léiríonn an figiúr seo na fáiltais airgid féin a gineadh ó chlárúcháin tionóntachta in 2014. Níl an figiúr seo ag teacht leis an bhfigiúr atá ar fáil sa chuntas ioncaim agus caiteachais ar leathanach 96 a léiríonn gluaiseacht i soláthairtí d'iarratais neamhiomlána.*

**LUACH NA NIARRATAS AR CHLÁRÚCHÁN A FUARTHAS****LÍON NA NIARRATAS AR CHLÁRÚCHÁN A FUARTHAS****LÁRIONAD TEAGMHÁLA**

Tá conradh ag SouthWestern i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí chun na seirbhísí bainistíochta teagmhála agus na seirbhísí bainistíochta doiciméad a láimhseáil ar son an BTCP. Láimhseálann SouthWestern na glaonna gutháin, na ríomhphoist, na ceisteanna ar líne agus an comhfhreagras scríofa ar fad. Chomh maith leis sin, déanann siad próiseáil ar na hiarratais ar fad a bhaineann le clárúchán agus díospóidí tionóntachta.

**GLAONNA**

Tháinig méadú 12% ar an éileamh ar sheirbhísí ár lárionad teagmhála le linn 2014. Tairgeadh 98,323 glaoch san iomlán in 2013, agus d'ardaigh an t-éileamh in 2014 go dtí 110,410.


Tugtar briseadh síos ar na glaonna de réir rannóige thíos.

**14,452**

Binse agus Forfheidhmiú (O.C. agus Clárúcháin)


**27,538**

Díospóidí






## GLAONNA A FUARTHAS




## CINEÁLACHA GLAOITEOIRÍ

As an 110,000 gaoch in 2014, tháinig a bhformhór, díreach le cois 66% go carnach don bhliain, ó Thiarnaí Talún. Tháinig an chéad líon eile ba mhó, díreach faoi bhun 20%, ó thionóntaí. Tháinig an chuid eile de na gaoch ó Gníomhairí agus ó thríú páirtithe.



## CEISTEANNA AR RÍOMHPHOST

Bhí méadú mór de 22% ar líon na gceisteanna ar ríomhphost in 2013, ardú 7,530 ó 34,326 go dtí 42,356. Léiríonn an t-ardú seo an bhéim bhreise atá á leagan ag an BTCP ar úsáid seirbhísí leictreonacha agus ar líne.



## GNÉITHE DE CHLÁR NA DTIONÓNTACHTAÍ ATÁ AR FÁIL DON PHOBAL

Tá ar an BTCP clár a choinneáil ar thionóntachtaí i gcomhréir leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus bunachar sonraí atá cothrom le dáta a choinneáil agus a bhainistiú ar mhaithe le cuspóirí faisnéise, déanta beartais agus staitistiúla. Sliocht atá sa chlár foilsithe ó

chlár na dtionóntachtaí agus cuimsítear ann sonraí ón bhfoirm chlárúcháin a sholáthraíonn an tiarna talún nó an gníomhaire. Soláthraíonn an clár seoladh na háite cónaithe ar cíos; cur síos ar an áit chónaithe; an líon seomraí leapa agus na spásanna leapa; agus achar an urláir. Ní chuimsítear sa chlár foilsithe aon fhaisnéis as a bhféadfaí an tiarna talún nó an tionónta nó an cíos iníoctha a shainaithint.

BHÍ MÉADÚ MÓR DE 22% AR LÍON NA GCEISTEANNA AR RÍOMHPHOST IN 2013, ARDÚ 7,530 Ó 34,326 GO DTÍ 42,356.



## **CONAS A SHEICEÁIL AN BHFUIL RÉADMHAOIN AR CÍOS CLÁRAITHE?**

Chun an clár foilsithe a sheiceáil, logáil isteach ar láithreán gréasáin an BTCP ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie). Cliceáil ar an deilbhín “An bhfuil mo Thionóntacht Cláraithe?”; cliceáil ansin ar an gcontae cuí agus déan cuardach faoi sheoladh na háite cónaithe ar cíos. Tá fáil ar an gclár i bhformáid PDF agus Excel araon. Nuashonraítear an clár foilsithe ar an láithreán gréasáin gach seachtain. Má tá tú ar an eolas faoi mhaoin ar cíos nach bhfuil cláraithe, féadfaidh tú seo a thuairisciú don BTCP, faoi rún daingean, ag [Enforcement@prtb.ie](mailto:Enforcement@prtb.ie).

## **CISTIÚ ÚDARÁS ÁITIÚIL ÓN BTCP CHUN NA HÍOSCHAIGHDEÁIN A FHORFHEIDHMÍÚ**

I gcomhréir le forálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, soláthraítear cistiú do na hÚdaráis Áitiúla chun íoc as costas na cigireachta ar chóiríocht phríobháideach chónaithe ar cíos. De bhun treoracha sonracha íocaíochta a rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rinneadh an cúigiú cuid den ioncam ón táille chlárúcháin a leithdháileadh ar na hÚdaráis Áitiúla in 2013. Choinnigh an BTCP an fuílleach chun íoc as a gcostais oibriúcháin féin. Coinníonn an BTCP an t-airgead seo ar chumas muiníneach agus b’ionann an tsuim a íocadh amach le hÚdaráis Áitiúla in 2013 faoi threoir ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus €2.3 milliún, agus mhéadaigh seo an tsuim iomlán a d’íoc an BTCP amach le hÚdaráis Áitiúla ó 2004 go dtí €28,9 milliún.

Tá tuilleadh eolais faoi rátaí cigireachta na nÚdarás Áitiúil agus na híoschaighdeáin nua i gCóiríocht Phríobháideach ar Cíos ar fáil ó láithreán gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. [www.viron.ie](http://www.viron.ie).

## [02]

AN CEANGLAS DLÍTHIÚIL  
MAIDIR LE CLÁRÚ A  
FHORFHEIDHMIÚ

## ACHOIMRE AR FHORFHEIDHMIÚ CLÁRÚCHÁIN

Sracfhéachaint ar Fhorfheidhmiú Clárúcháin in 2014	
Fógraí Faisnéise Ginearálta chuig tiarnaí talún ar an dualgas dlíthiúil chun clárú	19,641
Fógraí Oifigiúla Forfheidhmithe	9,212
Litreacha Rabhaidh ó Aturnae	403
Fógraí Áititheora	37
Gairmeacha a Eisíodh	17
Ciontuithé á dtabhairt ag Cúirt	17

Téann an BTCP sa tóir go gníomhach ar thiarnaí talún nach gcláraíonn. Má theipeann orthu tionóntacht a chlárú, d'fhéadfaí iad a ionchúiseamh agus fineálacha a mhéid le €4,000 agus/nó téarma príosúin a fhad le sé mhí a

ghearradh orthu. Tá na gníomhaíochtaí forfheidhmithe a ghlacann an BTCP mar chúram orthu féin i gcomhréir le forálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaitheacha 2004, ailt 144 agus 145 go sonrach.

## FOINSÍ EOLAIS

Faigheann an BTCP eolas ó líon foinsí, lena n-áirítear:

Na Rannóga Díospóide & Clárúcháin	Go hInmheánach sa BTCP
An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)	Bunachar Sonraí an Fhorlíonaidh Chíos
Údarás Áitiúla	Cigireacht maidir le Caighdeáin Áitreabh ar Cíos, An Scéim Cóiríochta Cíos
Baill den Phobal	Comharsana, Tionóntaí
Eile	Teachtaí Dála, Comhairleoirí, Gardaí

Tugadh córais nua TFC isteach go luath in 2011 chun comparáid bunachar sonraí le gníomhaireachtaí agus ranna eile stáit a éascú chun tiarnaí talún neamhchláraithe a shainaithint ar mhaithe le cuspóirí

comhlíonta. Anuas air sin, cabhraíonn bogearraí nua bainistíochta cásanna le cásanna atá á n-ionchúiseamh a bhainistiú.

## FÓGRAÍ/LITREACHA A EISÍODH MAIDIR LE FORFHEIDHMIÚ CLÁRÚCHÁIN

In 2014 lean an BTCP d'fheachtas gníomhach forfheidhmithe i gcoinne tiarnaí talún nach raibh cláraithe.

Eisíodh 29,293 fógra/litir rabhaidh ó aturnae chuig Tiarnaí Talún in 2014. Is féidir iad a bhriseadh síos mar seo a leanas:


An Cineál Fógra/Litreach	Líon
Fógraí Faisnéise Ginearálta ag tabhairt eolais do Thiarnaí Talún maidir lena ndualgas dlíthiúil clárú faoin Acht agus na pionóis a bhaineann le neamhchomhlíonadh	19,641
Fógraí Forfheidhmithe Oifigiúla faoi Alt 144 den Acht ag cur in iúl do Thiarnaí Talún gur tháinig an Bord ar an tuairim gurb ann do thionóntacht nó gurbh ann di agus go bhfuil sé ar intinn ag an mbord ionchúiseamh mura gcláraítear an tionóntacht	9,212
Litreacha Rabhaidh ó Aturnae	403
Fógraí Áititheoirí chuig Áitribh ar Cíos ag iarraidh sonraí faoi Thionóntacht	37
<b>Iomlán</b>	<b>29,293</b>

## FOINSE NA NATREORUITHE A FUARTHAS

Léiríonn an tábla agus an chairt seo a leanas an briseadh síos ar fhoinsé an 29,293 atreorú ar eisíodh fógraí forfheidhmithe Oifigiúla, litreacha rabhaidh ó aturnae agus fógraí áititheora ina leith.

## BRISEADH SÍOS AR FHOINSE NA NATREORUITHE D'FHÓGRAÍ/LITREACHA A EISÍODH

An Líon Iomlán a Eisíodh	Atreoruithe ón DSP	Atreoruithe Inmheánacha	Atreoruithe Seachtracha		
			Duine den Phobal	Údaráis Áitiúla	Eile
29,293	21,492	1,040	1,678	5,062	21




**CAINGEAN CÚIRTE**

Seirbheáladh 21 Gairm Cúirte Dúiche ar thiarnaí talún ar theip orthu a dtionóntachtaí a chlárú leis an BTCP in 2014, in ainneoin go bhfuair siad líon fógraí reachtúla agus litreacha rabhaidh ó aturnaetha a d'iarr orthu sin a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tugadh 12 chás ar aghaidh ó 2013, dhá cheann i gcomhair

éisteachta agus 11 i gcomhair pianbhreithe in 2014. Tarraingíodh siar cás amháin sular éisteadh é. Éistear cásanna Alt 144 sa Chúirt Dúiche i dtús báire agus sa Chúirt Chuarda i gcás achomhairc. Bhí an BTCP le bheith sa Chúirt 125 uair san iomlán in 2014, 107 uair sa Chúirt Dúiche agus ocht n-uair sa Chúirt Chuarda. Féach an briseadh síos ar stádas/ar thoradh na gcásanna seo sa chairt seo a leanas:

**IMEACHTAÍ DLÍTHIÚLA AG LEIBHÉAL NA CÚIRTE DÚICHE**



*\*Nuair a thagann níos mó ná cás amháin os comhair breithimh agus go mbaineann siad leis an tiarna talún céanna, d'fhéadfadh sé go ndéanadh an breitheamh cinneadh sampla de na cásanna a éisteadh agus na cinn eile a chur san áireamh nuair a bhíonn pianbhreith á cur.*

Déantar gach iarracht a chinntiú go ndírítear gníomhaíocht forfheidhmithe ar bhealach cóir. Léiríonn an tábla thíos dáileadh na n-gairmeacha a eisíodh in 2014 de réir contae.


### DÁILEADH NA nGAIRMEACHA A EISÍODH IN 2014 RÉIR CONTAE

Achoimre ar Chiontuíthe (Contae ina bhfuil cónaí ar an TT)	Líon na dTiarnaí Talún	Líon na gCiontuíthe	Fíneálacha	Costais
Cill Dara	1	1	€3,000.00	€3,075.00
Loch Garman	1	1	€3,000.00	€3,075.00
Baile Átha Cliath	1	1	€3,000.00	€3,075.00
Baile Átha Cliath	1	2	€4,000.00	€6,150.00
Baile Átha Cliath	1	1		€2,420.00
Luimneach	1	1	€3,000.00	€3,075.00
Cill Chainnigh	1	10	€25,000.00	€30,750.00
Fo-lomlán & Iomlán	7			€51,620.00
<b>Caite Amach</b>				
Ciarraí	1			€3,075.00
Ros Comáin	1			€3,075.00
Fo-lomlán & Iomlán				€6,150.00
<b>Tarraingthe Siar</b>				
Muineachán	1			
Fo-lomlán & Iomlán				
<b>Iomlán</b>	<b>7</b>	<b>17</b>	<b>€41,000.00</b>	<b>€57,770.00</b>

In 2014, bhí costas iomlán de €85,620 ar thiarnaí talún de bharr ionchúiseamh, san áireamh anseo tá costais/fíneálacha a laghdaíodh ar achomharc.

Fuarthas 17 n-achomharc in 2014, léiríonn an tábla thíos stádas/torthaí na n-achomharc seo ar deireadh na bliana 2014.

### IMEACHTAÍ DLÍTHIÚLA AG LEIBHÉAL NA CÚIRTE CUARDA IN 2014



Tugann an tábla thíos forbhreathnú ar imeachtaí dlíthiúla le dhá bhliain anuas.

### FORBHREATHNÚ AR IMEACHTAÍ I GCOINNE TIARNAÍ TALÚN NEAMHCHLÁRAITHE 2013/2014


Torthaí Cásanna/Stádas	2013	2014	Carnach 2013/2014
Gairm eisithe	50	21	71
Tugtha ar aghaidh i gcomhair éisteachta ón mbliain roimhe sin	0	2	
Tugtha ar aghaidh i gcomhair pianbhreithe ón mbliain roimhe sin	0	11	
Tarraingthe siar roimh an éisteacht	0	1	1
Cásanna i gcomhair éisteachta/pianbhreithe (Gan achomhairc san áireamh)	50	33	
Curtha san Áireamh	6	9	15
Caite Amach	4	2	6
Ciontuith	27	17	44
Ag fanacht le héisteacht / pianbhreith	13	5	
<b>Achomhairc</b>			
Achomhairc tugtha ar aghaidh i gcomhair éisteachta ón mbliain roimhe sin	0	0	
Achomhairc a fuarthas	10	17	27
Achomhairc i gcomhair éisteachta/pianbhreithe	10	17	
Orduithe Díchurtha/Seasadh leis an Achomharc	6	2	8
Achomhairc Caite Amach/Níor seasadh leo	4	3	7
Achomhairc ag fanacht le héisteacht / pianbhreith	0	12	
<b>Costs to Landlords</b>			
An líon Tiarnaí Talún a Ciontaíodh	17	7	24
Líon Contaetha na dTiarnaí Talún a Ciontaíodh	9	5	
Costais a Dámhadh	€74,150.00	€57,770.00	€131,920.00
An Méid a Laghdaíodh Costais ar Achomharc	€13,300.00	€6,150.00	€19,450.00
Síntiúis chuig Carthanas	€3,850.00	0	€3,850.00
Fíneálacha a gearradh	€58,000.00	€41,000.00	€99,000.00
An Méid a Laghdaíodh Fíneálacha ar Achomharc	€10,700.00	€7,000.00	€17,700.00
Costas Iomlán ar Thiarnaí Talún	€112,000.00	€85,620.00	€197,620.00



CUID 2

[ GNÍOMHAÍOCHTAÍ  
RÉITITHE  
DÍOSPÓIDE ]


TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2014



# [01] SEIRBHÍSÍ BREITHNITHE & IDIRGHABHÁLA

Seirbhísí Réitithe Díospóide an BTCP 2014	Líon na nIarratas	Líon na gCúiseanna leis an Díospóid
Seirbhís Réitithe Díospóide an BTCP	3,374	6,071
Iarratais ar Bhinsí	447	492 laistigh den 249 Binse a tionóladh
An líon ceisteanna gutháin i leith Díospóidí a freagraíodh	22,713	
An líon ceisteanna ríomhphoist i leith Díospóidí a freagraíodh	17,407	

## AMLÍNTE DO DHÍOSPÓIDÍ IN 2014



% na nIarratas dúnta / próiseáilte	Amlínte
33%	1-2 mhí
17%	4 mhí
30%	5-6 mhí
13%	7-8 mhí
7%	9-10 mhí

FUAIR AN BTCP 3,374 IARRATAS AR RÉITEACH DÍOSPÓIDE IN 2014.

Fuair an BTCP 3,374 iarratas ar Réiteach Díospóide in 2014. Rinneadh gach iarratas ar dhíospóid agus gach éisteacht a phróiseáil tríd an gCóras Bainistíochta Tionóntachta (CBT). Cuireann an teicneolaíocht chomhtháite seo ar chumas an BTCP anailís iomlán a dhéanamh ar na catagóirí díospóide agus ar na cúiseanna a ndéanann páirtithe iarratas chuig an mBord le haghaidh réiteach díospóide. As na hiarratais a fuarthas, bhí 6,071 cúis ann le díospóid, faoi mar a thug páirtithe an iarratasóra le fios, agus níor mhór gach ceann a láimhseáil tríd an bpróiseas réitithe díospóide. Mar thoradh ar idirghabháil ó fhoireann an BTCP, tharraing 1,458 iarratasóir siar a gcuid cásanna in 2014. Is dócha gur mar thoradh ar chomhaontuithe idir na páirtithe a tharla sin nó go ndearna páirtithe athmhachnamh ar a gcuid iarratas bunaithe ar eolas a fuair siad ón BTCP maidir le cearta agus dualgais páirtithe agus an cruthúnas fianaiseach a bheadh de dhíth.

## ROCHTAIN A FHÁIL AR AN tSEIRBHÍS RÉITITHE DÍOSPÓIDE

Tagann an BTCP in ionad na gCúirteanna i gcás thromlach mór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí. Ar tháille €25 nó €15 (má sheoltar isteach ar líne é), féadfaidh tionónta, tríú páirtí nó tiarna talún *cláraithe* iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar sheirbhísí breithnithe nó idirghabhála. Bíonn Breithnithe agus Idirghabhálacha ar bun i seacht láthair réigiúnacha ar fud na tíre.

Déantar Ordú Cinnidh den BTCP a bheidh ina cheanglas de bhreithniú nó d'idirghabháil nach ndéantar a achomharc chuig Binse laistigh de 21 lá. Féadfaidh páirtithe forfheidhmiú an Ordaithe seo a iarraidh trí na Cúirteanna, i gcásanna neamhchomhlíonta. Tá sé mar bheartas ag

an BTCP torthaí Orduithe Cinnidh gach cáis a fhoilsiú; ach is eisceacht ón riail seo an idirghabháil, mar gheall go bhfuil toradh na hidirghabhála faoi rún.

## IDIRGHABHÁIL GHUTHÁIN

Go déanach in 2013 thug an BTCP seirbhís nua idirghabhála gutháin isteach ar feadh tréimhse shínte 12 mhí. Bhí rath ar an tseirbhís seo. Tá an próiseas idirghabhála gutháin i bhfad níos tapúla ná an próiseas breithnithe. In 2014 bhí 577 idirghabháil gutháin agus is é 10-12 sheachtain an t-amlíne i gcomparáid le 5-6 mhí i gcomhair breithnithe. Nuair a bhíonn an dá pháirtí toilteanach tabhairt faoi idirghabháil gutháin, éascóidh an t-idirghabhálaí na páirtithe, trí shraith de ghlaonna, chun teacht ar réiteach comhaontaithe laistigh d'achar gearr ama. Déantar teagmháil leis an dá pháirtí ina n-aonar agus mar sin ní bhíonn siad i dteagmháil dhíreach lena chéile. Chomh maith le bheith ina seirbhís éifeachtach, tá sí áisiúil don dá pháirtí mar nach bhfuil orthu freastal ar éisteacht agus gur próiseas neamhsháraíochta atá ann. Nuair nach féidir teacht ar réiteach sásúil, is féidir le ceachtar den dá pháirtí achomharc a dhéanamh chuig Binse Tionóntachta.

## SEIRBHÍSÍ DÍOSPÓIDE A SHEACHFHOINSIÚ IN 2014


Rinneadh seachfhoinsiú ar chuid den phróiseas réitithe díospóide in 2014 maidir le hiarratais ar réiteach díospóide a mheas agus tuarascálacha agus orduithe cinnidh a eisiúint. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfanfaidh príomhghníomhaíochtaí an BTCP in oifigí an BTCP agus go ndéanfaidh foireann an BTCP iad a chur i gcrích.

## NA PRÍOMHCHATAGÓIRÍ DÍOSPÓIDE IN 2014

Faoi mar a luadh roimhe seo, fuarthas 3,374 iarratas ar réiteach díospóide in 2014, ina raibh 6,071 catagóir de dhíospóid ó pháirtithe iarratasóra. Ba iad Riaráistí Cíos agus Rósheilbh ag 1,134 cás (34%)

na príomhchatagóirí Díospóide agus ina ndiaidh aniar bhí Fógra Neamhbhailí Foirceanta ag 830 (25%) agus Coinneáil Éarlaise ag 801 (24%). Leagann an tábla thíos amach na catagóirí díospóide ar fad lena mbaineann na cásanna a fuarthas.


Cineál Díospóide (Gach cás)	Líon
Fógra Neamhbhailí Foirceanta	830
Riaráistí Cíos	819
Coinneáil Éarlaise	801
Sárú ar Dhualgais Tiarna Talún	581
Rósheilbh	458
Sárú ar Dhualgais Tionónta	435
Caighdeán agus Cothabháil an Áitribh	433
Riaráistí Cíos agus Rósheilbh	315
Eile	359
Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (Díshealbhú Neamhdhleathach)	263
Iompar Frithshóisialta	215
Sárú ar léas téarma sheasta	196
An cíos níos airde ná ráta an mhargaidh	185
Damáiste sa bhreis ar ghnáthchaitheamh agus cuimilt	181
	<b>6,071</b>



RINNE TIARNAÍ TALÚN 1,298 IARRATAS (38%) AR SHEIRBHÍSÍ RÉITITHE DÍOSPÓIDE AN BTCP IN 2014, AGUS GHLAC TIONÓNTAÍ 1,998 CÁS (59%) AGUS GHLAC TRÍÚ PÁIRTITHE 78 CÁS (3%).

## INIÚCHADH AR NA PRÍOMHCINEÁLACHA DÍOSPÓIDE IN 2014

### RIARÁISTÍ CÍOSA 2014



Is Díospóidí faoi riaráistí cíosa an chatagóir ba choitianta de dhíospóid a atreoraíodh chuig an BTCP in 2014. Is ionann é seo agus ardú 400% ar chásanna den sórt sin ó 2008. Sonraítear san Acht nach mór do thionóntaí leanúint de chíos a íoc ina iomláine agus in am tráth, fiú má tá díospóid leanúnach acu leis an Tiarna Talún. Nuair a theipeann ar thionónta a chuid/cuid cíosa a íoc i ndiaidh na rabhaidh riachtanacha a fháil is féidir le

tiarna talún fógra foirceanta a sheirbheáil orthu. Atreoraíodh 1134 iarratas a bhain le riaráistí cíosa in 2014 agus b'ionann sin agus 34% den líon foriomlán iarratas díospóide a fuair an Bord. De bhrí go raibh riaráistí móra morgáiste ar 40,000 réadmhaíon a Ceannach le Ligean ag deireadh na bliana 2014, cúis mhór imní is ea ceist na Riaráistí Morgáiste agus an cheist sin ag dul i méid.

## FÓGRA FOIRCEANTA


Chun tionóntacht a fhoirceannadh go bailí ní mór do thiarna talún nó dó thionónta Fógra Foirceanta bailí a sheirbheáil ar an tionónta nó ar an tiarna talún. Tá prionsabail ar leith nach mór cloí leo. Áirítear leo seo nach mór na nithe seo a leanas a bheith san fhógra;

1. A bheith i scríbhinn (ní ar théacs nó ó bhéal)
2. A bheith sínithe ag an tiarna talún nó ag a ghníomhaire údaraithe nó ag an tionónta faoi mar is cuí
3. An dáta seirbheála a bheith sonraithe
4. An dáta foirceanta a bheith sonraithe. Is é an dáta a shonraítear mar dháta foirceanta an dáta deiridh de thréimhse an fhógra. Tosaíonn tréimhse an fhógra ar an lá i ndiaidh an fógra foirceanta a sheirbheáil Féach tréimhsí Fógra in Alt 66 den Acht.
5. I gcás tiarna talún, má tá an tionóntacht níos faide ná sé mhí sonraigh an chúis atá in Alt 34 den Acht.

6. Nuair atá tiarna talún ag tabhairt fógra, sonraigh go bhfuil iomlán de 24 uair ag an tionónta chun seilbh a dhíchur.
7. Sonraigh gur féidir aon cheist faoi bhailíocht an fhógra a atreorú chuig an BTCP laistigh de 28 lá ón bhfógra a fháil.

Beag beann ar chúinsí an cháis, ní féidir le Breithneoir an BTCP ná le Binse ach treoir a thabhairt do thionónta áitreabh ar cíos a fhágáil nuair a bhíonn fógra foirceanta bailí, atá ag cloí go hiomlán leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, imithe in éag. Sa chás go seirbheálann tiarnaí talún agus nó a gcuid gníomhairí fógra neamhbhailí, tá toirmeasc de réir dlí ar an BTCP seilbh ghlan a threorú. Sa chás sin, ní mór fógra foirceanta bailí nua a sheirbheáil agus dá réir sin cuirfear moill ar aisghabháil na réadmhaoine. Tá liosta iomlán de na céimeanna chun fógra a sheirbheáil go bailí agus sampla díobh ar ár láithreán gréasáin [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie)

## ÉARLAISÍ A CHOINNEÁIL 2014




Léiríonn an chart thuas an toradh a bhí ar na cásanna i leith coinneáil éarlaisí a éisteadh in 2014. Fuair an BTCP 801 iarratas a bhain le hÉarlaisí a choinneáil. Is ionann é seo agus 24% de na hiarratais fhoriomlána a fuarthas (3374). Déantar éarlais a shainmhíniú go soiléir san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 mar mhaoin an tionónta agus is féidir í a choinneáil (páirt de nó go hiomlán) nuair a bhíonn riaráistí cíosa ar thionónta nó nuair a bhíonn fónais le híoc, nuair a rinne an tionónta damáiste lasmuigh de ghnáthchaitheamh agus cuimilt agus nó nár thug sé nó sí dóthain fógra agus go bhfuil an Tiarna Talún thíos leis dá bharr. Ní mór do Thiarnaí Talún a gcuid cailteanas a mhaolú. I 77% de na cásanna chinn an BTCP go raibh an Tionónta i dteideal an Éarlais iomlán nó cuid de a fháil ar ais. Ó tharla gurb iad na hÉarlaisí an t-aon choigilteas a bhíonn ag mórán Tionóntaí leochaileacha go minic, cuireann coinneáil éarlaisí sna cúinsí sin as go mór dóibh.

### FOIRCEANNADH NEAMHDHLEATHACH TIONÓNTACHTA

Meastar go bhfuil foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta, nó díshealbhú neamhdhleathach, tar éis tarlú nuair a chuireann tiarna talún, trí fhórsa, imeaglú nó ar bhealach eile, cosc ar thionónta ó rochtain a fháil ar an áitreabh atá ar cíos, nó má thógann an tiarna talún a g(h)iuirléidí ó áitreabh. In 2014, fuair an BTCP 263 gearán maidir le díshealbhú neamhdhleathach líomhnaithe. Íocadh

dámhachtainí idir €1,000 agus €10,000 i leith foirceannadh neamhdhleathach in 2014.



### ÍOCAÍOCHTAÍ LE BREITHNEOIRÍ/IDIRGHABHÁLAI THE IN 2014

Ceapadh an painéal reatha breithneoirí agus idirghabhálaithe in 2011 trí iomaíocht ghéar oscailte a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don BTCP agus ceaptar iad ar feadh tréimhse beagán de bhreis ar thrí bliana. Íoctar buntáille €616 sa lá le breithneoirí do thrí éisteacht. Bítear ag súil go gcuirfidh Breithneoirí agus Idirghabhálaithe isteach a gcuid tuarascálacha laistigh de dheich lá ón éisteacht maidir le cásanna neamhthosaíochta agus laistigh de sheacht lá maidir le cásanna tosaíochta.

IN 2014, FUAIR AN BTCP 263 GEARÁN MAIDIR LE DÍSHEALBHÚ NEAMHDHLEATHACH LÍOMHNAITHE.

**ÍOCAÍOCHTAÍ LE BREITHNEOIRÍ/IDIRGHABHÁLAITHE IN  
2014 (TÁILLÍ AR CHÁSANNA DÍOSPÓIDE + OILIÚINT)**

COMHALTA PAINÉIL	ÉISTEACHTAÍ	OILIÚINT	IOMLÁN
Aisling Fair	19,712.00	196.00	19,908.00
Angela Becker	16,632.00	980.00	17,612.00
Brian Whelan	35,728.00	980.00	36,708.00
Catherine McGuigan	14,784.00	784.00	15,568.00
Ciaran Smith	5,544.00		5,544.00
Colm Keating	2,464.00		2,464.00
Cynthia Lennon	14,784.00	980.00	15,764.00
Dairine Mac Fadden	8,008.00		8,008.00
Daniela Bills Everett	2,508.00		2,508.00
David Duncan	51,744.00	1,372.00	53,116.00
Deirdre Bignell	38,148.00	588.00	38,736.00
Eoin Byrne	19,712.00	588.00	20,300.00
Frank Brady	31,416.00	784.00	32,200.00
Gerard Murphy	12,936.00	196.00	13,132.00
Healy Hynes	8,008.00		8,008.00
Helen Connaughton	2,464.00		2,464.00
Helen-Claire O'Hanlon	17,864.00	196.00	18,060.00
Jack Nicholas	12,980.00		12,980.00
James Egan	18,480.00	588.00	19,068.00
John Conran	8,624.00		8,624.00
John Keane	14,784.00	196.00	14,980.00
John Keaney	8,624.00		8,624.00
Kevin Baneham	21,560.00	588.00	22,148.00
Marissa O'Keeffe	5,544.00	196.00	5,740.00
Mervyn Hickey	12,320.00		12,320.00
Monica Brennan	3,080.00		3,080.00
Roderick Maguire	4,312.00	196.00	4,508.00
Sarah Brophy	28,952.00	784.00	29,736.00
Suzy Quirke	3,696.00		3,696.00
Corona Grennan	6,776.00		6,776.00



COMHALTA PAINÉIL	ÉISTEACHTAÍ	OILIÚINT	IOMLÁN
Tracey McGee	1,232.00		1,232.00
Deirdre McGowan	9,240.00	392.00	9,632.00
Caitriona O'Connor	11,088.00	392.00	11,480.00
Laura Farrell	11,088.00	392.00	11,480.00
Denis Kelliher	12,320.00	392.00	12,712.00
Linda Brophy	14,784.00	392.00	15,176.00
Eithne Corry	11,704.00	392.00	12,096.00
Steven Dixon	10,472.00	392.00	10,864.00
Susan Fay	3,080.00	392.00	3,472.00
Ciara Fitzgerald	8,008.00	392.00	8,400.00
Simon Brady	9,240.00	392.00	9,632.00
Sheila Young	4,312.00	392.00	4,704.00
Louise Beirne	4,928.00	392.00	5,320.00
Chris McDermott	6,160.00	392.00	6,552.00
Shaun Smyth	9,240.00	392.00	9,632.00
Thomas Dowling	7,392.00	392.00	7,784.00
Dermot Sheehan	9,240.00	392.00	9,632.00
Mema Byrne	9,240.00	392.00	9,632.00
Lauren Tennyson	9,856.00	392.00	10,248.00
Stephen Brady	9,856.00	392.00	10,248.00
Mark Kane	11,088.00	392.00	11,480.00
Emma Synnott	7,392.00	392.00	7,784.00
Barry McCormack	660.00		660.00
Órla Ryan	4,312.00	392.00	4,704.00
<b>Iomlán Mhór</b>	<b>648,120.00</b>	<b>18,816.00</b>	<b>666,936.00</b>

*Cuimsíonn an oiliúint ionductú agus oiliúint maidir le hidirghabháil ghutháin.*

## [02] ACHOMHAIRC CHUIG BINSE

Is féidir le páirtithe i ndíospóid cinneadh Breithneora/Idirghabhálaí a achomharc chuig Binse Tionóntachta laistigh de 21 lá ón dáta a fhaightear an cinneadh. Bíonn Binsí á n-éisteacht ag painéal de thriúr comhaltaí de Choiste Réitithe Díospóide an Bhoird. Bíonn binsí níos foirmiúla ná na héisteachtaí breithnithe/idirghabhála. Is éisteachtaí poiblí iad. Tá ar na páirtithe dul faoi mhionn nó dearbhú, agus bíonn luathscríobáí i láthair chun an fhianaise a thugtar a chur i gcuntas. Chomh maith leis sin, bíonn torthaí éisteachtaí Binse poiblí. Foilsítear tuarascáil agus cinneadh Binse ar láithreán gréasáin an BTCP ([www.prtb.ie](http://www.prtb.ie)).

Fuair an BTCP 447 achomharc a ndearna an Bord breithniú orthu in 2013, as a ndearnadh 358 díobh a cheadú agus rinneadh 88 díobh a dhiúltú nó a aistarraingt. Dhiúltaigh an Bord d'achomhairc mar gheall go raibh siad ródhéanach nó nár seoladh an táille riachtanach ar aghaidh.

Tionóladh 249 Binse in 2013. Cuireadh 40 Binse sa bhreis air sin ar ceal roimh an éisteacht mar gheall gur aistarraing na hachomharcóirí a n-achomharc.

### AMANNA PRÓISEÁLA BINSE

Rinneadh 221 Ordú Cinnidh, ar an iomlán, in 2014 maidir le héisteachtaí Binse. B'ionann an meánam próiseála do na Binsí seo, ón dáta a bhfuarthas an t-iarratas tosaigh ar dhíospóid go dtí eisiúint an Ordaithe Cinnidh, agus 8-9 mí. Is ionann é sin agus 5-6 mhí ag céim an Bhreithnithe agus 2-3 mhí ag céim an Bhinse.

### MIONDEALÚ AR CHÁSANNA BINSE IN 2014 DE RÉIR PHÁIRTÍ AN ACHOMHARCÓRA AGUS LÁITHREACH


Bhí 249 éisteacht Bhinse in 2014. Bhí 52% (130 cás) de na hachomhairc a chuaigh os comhair Binse Tionóntachta in 2014 ó thiarnaí talún, bhí 47% (117 cás) ó thionóntaí, agus bhí 1% (2 chás) ó thrú páirtí.

Tionóladh 68% de na Binsí i gceantar Bhaile Átha Cliath, agus baineann 32% leis an gcuid eile den tír.

FUAIR AN BTCP 447 ACHOMHARC A NDEARNA AN BORD BREITHNIÚ ORTHU IN 2013, AS A NDEARNADH 358 DÍOBH A CHEADÚ AGUS RINNEADH 88 DÍOBH A DHIÚLTÚ NÓ A AISTARRAINGT.




**MIONDEALÚ AR CHÁSANNA BINSE A ÉISTEADH IN 2014 DE RÉIR PÁIRTÍ ACHOMHARCÓRA**




**CÁSANNA BINSE IN 2014 - CATAGÓIRÍ AGUS TORTHAÍ**

Léiríonn an chart thíos an miondealú ar Bhinsí a tionóladh de réir chineál na díospóide. As an 249 Binse a tionóladh in 2014, luadh 492 cineál éagsúil díospóide mar chúis leis an achomharc.



**CINEÁLACHA DÍOSPÓIDE A NDEARNADH CINNEADH ORTHU AG ÉISTEACHT BINSE IN 2014**



**CÁSANA RIARÁISTÍ CÍOSA A NDEARNADH IAD A ACHOMHARC CHUIG BINSE**

Tá sé soiléir ón gcairt thuas gurb iad riaráistí cíosa agus coinneáil éarlaise na príomhchineálacha díospóide a ndéanann Binse tionóntachta cinneadh ina leith.

Tá sé d’oibleagáid ar Thionónta cíosa a íoc leis an tiarna talún ar an dáta a bhfuil sé dlite. Ní mór den tionónta leanúint ag íoc an chíosa ina iomláine go dtí go gcríochnaíonn an tionóntacht agus é a íoc fad agus atá aon díospóid BTCP fós ar siúl. D’fhéadfadh sé go gcruthódh cásanna Riaráistí Cíosa deacrachtaí tromchúiseacha airgid do thiarna talún, dá bhrí sin, déanann an BTCP gach iarracht tosaíocht a thabhairt do chásanna den chineál seo. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh Tiarnaí Talún

go gcaithfidh Tiarna Talún fógra foirceanta bailí a sheirbheáil ar an tionónta sa chineál seo díospóide chun tionóntacht a fhoirceannadh go bailí. Beag beann ar chúinsí an cháis, ní féidir le Binse ach treoir a thabhairt do thionónta áitreabh ar cíosa a fhágáil nuair a bhíonn fógra foirceanta bailí, atá ag cloí go hiomlán leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2014, imithe in éag. Sa chás go seirbheálann Tiarnaí Talún agus/nó a gcuid gníomhairí fógra neamhbhailí, tá toirmeasc de réir dlí ar an BTCP seilbh ghlan a threorú. Sa chás sin, ní mór fógra foirceanta bailí nua a sheirbheáil agus dá réir moill shuntasach a chur ar aisghabháil na réadmhaoine.

Tá díospóidí a bhaineann le coinneáil éarlaise fós ar cheann de na catagóirí achomhairc is mó roimh Bhinse



tionóntachta. Maidir le 14% de na cásanna luadh coinneáil éarlaise mar chúis leis an díospóid. I gcás 67% de na Binsí cinneadh go n-aisíocfadh tiarnaí talún cuid den éarlais nó an éarlais ar fad lena gcuid tionóntaí. Maidir le 33% de na cásanna a bhain le coinneáil éarlaise a d'éist an Binse, cinneadh go gcoinneodh an tiarna talún an éarlais ina hiomláine. Is minic a theastaíonn ó thionóntaí go dtabharfaí éarlaisí ar ais go pras chun tionóntacht eile a fháil agus mura dtugtar éarlais ar ais gan mhoill d'fhéadfadh sin cur isteach ar thionónta agus deacrachtaí airgid a chothú dó nó di. Ceadáíonn Alt 115 den Acht do chomhaltaí Binse damáistí a dhámh in aghaidh Tiarna Talún a choinníonn éarlais nuair nach féidir sin a chosaint.

### DAMÁISTÍ I LEITH COINNEÁIL ÉARLAISE AGUS SÁRÚ AR DHUALGAIS TIARNAÍ TALÚN


As na cinntí a rinneadh ag Binsí a éisteadh le linn 2014, áit ar dámhadh damáistí, bhain 42% le díospóidí a bhain le coinneáil éarlaise nó riaráistí cíosa. Bhí sárú ar

dhualgais tiarnaí talún ar an gcéad chatagóir eile ab airde ag 15%.

### AN COISTE RÉITITHE DÍOSPÓIDE

Tugann Alt 159 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 cumhacht do Bhord an BTCP coiste réitithe díospóide a bhunú agus feidhmeanna a tharmligean chuig an gcoiste sin chomh maith le comhaltaí a cheapadh air. Is é Coiste Réitithe Díospóide (CRD) an BTCP an painéal óna dtógtar comhaltaí na mBinsí Tionóntachta a bhfuil triúr orthu. Ós rud é nach féidir cinntí Binse a achomharc chuig an Ard-Chúirt ach amháin ar phointe dlí, bíonn feidhm thábhachtach gar-bhreithiúnach ag comhaltaí an CRD. Ar chríochnú éisteachta, déanann an Binse cinneadh agus cuireann siad an Bord ar an eolas faoin gcinneadh, de bhun Alt 108(1) den Acht. Ina dhiaidh sin, déanann an Bord, de réir Alt 121 den Acht, Ordú Cinnidh a bhfuil ceanglas dlíthiúil ag baint leis, agus eisítear é sin, chomh maith le tuarascáil an Bhinse, chuig na páirtithe atá i gceist; tionóladh 249 Binse dá leithéid le linn 2014.

### TORTHAÍ AR MHÍREANNA A BHAIN LE DÍOSPÓIDÍ FAOI CHOINNEÁIL ÉARLAISE I MBINSÍ 2014



## ÍOCAÍOCHTAÍ BINSÍ 2014

Comhalta CRD	Cath.	Comhalta den Phainéal	Suim (€)
Aidan Brennan	9	42	15,996.00
Anne Colley*	0	3	1,714.00
Anne Leech*	3	4	6,560.00
Bairbre Redmond*	1	3	2,713.00
Catriona Walsh	5	2	3,562.00
Charles Corcoran*	2	0	2,586.00
Ciara Doyle*	0	1	877.00
Claire Millrine*	0	1	877.00
Dervla Quinn*	2	0	2,586.00
Eoin O'Sullivan*	1	0	1,020.00
Finian Matthews	20	47	33,336.00
Fintan McNamara*	1	1	1,889.00
Gareth Robinson	21	14	20,912.00
Gene Feighery	18	99	46,232.00
Henry Murdoch*	2	1	2,896.00
John FitzGerald	38	16	33,502.00
John Lynch*	1	1	1,566.00
John Tiernan	14	62	34,016.00
Kathleen McKillion **	0	3	1,187.00
Kieran Buckley*	1	2	2,907.00
Liam Nolan*	3	3	5,299.00
Louise Moloney*	2	1	2,940.00
Mary Doyle*	1	0	1,461.00
Mary Heaslip*	1	3	3,092.00
Mary Morris*	1	0	1,901.00
Michael Irvine*	0	1	702.00
Nesta Kelly*	2	3	4,601.00
Noel Conroy	0	2	681.00

Noel Merrick*	2	0	2,550.00
Orla Coyne	8	47	24,008.00
Patricia Sheehy Skeffington	46	15	44,578.00
Thomas Reilly	15	76	41,252.00
Tim Ryan	42	12	36,072.00
Tom Dunne*	0	1	506.00
Vincent P. Martin	14	63	33,525.00
<b>IOMLÁN</b>			<b>420,102.00</b>

\*Níor shuigh na comhaltaí sin ar Bhinsí in 2014 ach fuair siad íocaíochtaí i leith Binsí a tionóladh go déanach in 2013

\*\* Íoctar táillí Kathleen McKillion, Uasal, le Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann.

Cuirtear asbhaintí cánach i bhfeidhm roimh ré.

## [03]

## III. FORFHEIDHMIÚ ORDUITHE CINNIDH AN BTCP (MURA GCLOÍTEAR LEO)

Forálann an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 cumhacht do pháirtithe i ndíospóid nó don Bhord imeachtaí sibhialta agus nó ionchúisimh choiriúla a thionscnamh tríd an gCúirt Chuarda i gcás imeachtaí sibhialta agus tríd an gCúirt Dúiche i gcás ionchúiseamh coiriúil nuair a theipeann ar pháirtithe cloí le hOrdú Cinnidh. Is féidir leis an mBord ar iarratas imeachtaí sibhialta a thionscnamh ar son páirtí nuair atá Ordú faighte ag an bpáirtí sin agus nár cloíodh leis.

Tá na forálacha Forfheidhmithe leagtha síos in Alt 124 (sibhialta) agus Alt 126 (coiriúil) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe.

→ Is féidir leis an BTCP mar iarratasóir, nuair atá iarratas ar fhorfheidhmiú déanta agus ceadaithe ag an mBord, nó leis na páirtithe féin a bhfuil baint ag an Ordú Cinnidh leo, Imeachtaí Sibhialta de bhun Alt 124 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (“Acht 2004”) a thionscnamh. Déantar na himeachtaí a thionscnamh le Fógra Foriarratais bunaithe ar Mhionscríbhinn atá in-aischurtha chuig an gCúirt Chuarda ábhartha. Ba iad imeachtaí

sibhialta de bhun Alt 124 d’Acht 2004 an modh forfheidhmithe ar baineadh feidhm as sna cásanna ar fad a atreoraíodh chuig an BTCP i gcomhair forfheidhmithe in 2014. i gcás fhormhór na gcásanna a thionscain an BTCP, dámhadh a gcuid costas, ar luach €4000 a raibh cáin le gearradh ina leith in éagmais comhaontaithe, don BTCP. Cláraíonn an BTCP breithiúnais in aghaidh freagróirí a dteipeann orthu cloí le hOrduithe Cúirte a rinneadh ina gcoinne.

→ Is féidir leis an BTCP nó le páirtí atá ag lorg comhlíonadh le hordú cinnidh a rinneadh ina fhabhar nó ina fabhar lonchúisimh Choiriúla a thionscnamh de bhun Alt 126 ar an gcaoi chéanna le himeachtaí sibhialta. Déantar imeachtaí den sórt sin a thionscnamh sa Chúirt Dúiche. Cé nach ndéantar foráil in imeachtaí coiriúla d’fhaoiseamh maidir le téarmaí an orduithe cinnidh nár cloíodh leis, baineann iarmhairtí tromchúiseacha le bheith ciontaithe go coiriúil - d’fhéadfadh sé go gcuimseodh pionóis fineáil suas le €4,000 agus / nó tréimhse phríosúnachta suas le sé mhí.





## IARRATAIS AR FHORFHEIDHMIÚ LE SEACHT MBLIANA ANUAS

Iarratais a Fuarthas ó Pháirtithe ag lorg Orduithe Cinnidh a Fhorfheidhmiú						
2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014
100	307	577	589	346	405	535

Mar atá le feiceáil ón tábla thuas, tá fás leanúnach ag teacht ar líon na n-iarratas chuig an BTCP maidir le forfheidhmiú. Cé go léiríonn sé seo an méadú ar líon na n-iarratas díospóide a fuarthas le blianta beaga anuas, is léiriú freisin é ar an staid eacnamaíoch níos deacra ina bhfuil páirtithe. Léiríonn an tábla thuas méadú 17% ó 2012 go dtí 2013 agus tá an treocht sin ag leanúint ar aghaidh agus méadú 32% tagtha ó 2013 go dtí 2014.

Ós rud é go bhfuil líon ard iarratas á fháil fós ag an BTCP gach bliain, níl sé inbhuanaithe i gcás an BTCP mar ghníomhaireacht fhéinmhaoinitheach, forfheidhmiú a lorg ar son a chuid cliant ar fad. Faoin Acht, cumhacht lánroghnach de chuid an BTCP is ea forfheidhmiú agus níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar an BTCP a chuid orduithe a fhorfheidhmiú. Déantar cinntí maidir le tabhairt faoi fhorfheidhmiú dlíthiúil nó gan tabhairt faoi cás ar chás agus tá roinnt critéar forbartha ag an mBord a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn iarratas a rinneadh á cheadú nó á dhiúltú.

Déanann an Bord iarracht i dtús báire forfheidhmiú a chur i gcrích ar bhealaí neamhdhlíthiúla. Chuige sin, scríobhann siad chuig an bpáirtí neamhchomhlíontach chun téarmaí an Ordaithe a mheabhrú dóibh chomh maith leis na hiarmhairtí is dóchúla má leanann siad de bheith

neamhchomhlíontach agus ag éileamh go ndéanfaidís socrúithe chun a bheith comhlíontach. Mura n-éiríonn leis an gcur chuige seo, is iad na critéir seo a leanas na critéir a dtabharfaidh an Bord aird orthu agus cinneadh á dhéanamh pé acu an rachaidh siad ar aghaidh le himeachtaí dlíthiúla ar son páirtí nó nach rachaidh:

- An cineál díospóide
- Stair chomhlíonadh na reachtaíochta a bhaineann le tiarna talún/tionónta
- Treise theicniúil an cháis
- Cén teagmháil atá déanta/cad iad na céimeanna ag glactha ag an duine a bhfuil comhlíonadh á lorg aige/aici leis an bpáirtí neamhchomhlíontach chun comhlíonadh an Ordaithe a bhaint amach,
- Cén teagmháil, más ann dá leithéid, a bhí ag an BTCP leis an bpáirtí neamhchomhlíontach maidir le forfheidhmiú agus aon eolas ábhartha a fuarthas,
- Leathadh tíreolaíoch
- Cúinsí sainiúla an cháis.


Mar gheall ar an gcostas a bhainfeadh le gach iarratas a thabhairt chun na Cúirte, chaithfí cistiú suntasach a lorg ón Státchiste nó na táillí a mhéadú. Ní roghanna inmharthana iad ceachtar den dá rogha sin. Mar sin féin, féachann an BTCP ar neamhchomhlíonadh Orduithe

Cinnidh mar cheist an-tromchúiseach agus le linn 2014 amháin d'atreoraigh an BTCP 402 cás chuig a gComhairleoirí DLí, Eversheds, i gcomhair imeachtaí forfheidhmithe.

Cé go raibh an BTCP thar a bheith rathúil maidir le horduithe breithiúnais a fháil ina gcuid imeachtaí, ní mór a chur san áireamh nach aon urrús é Ordú Cúirte a fháil ann féin go n-íocfar an t-airgead atá dlite. Sna cúinsí sin, cláraíonn an Bord an breithiúnas agus dá bharr sin foilsítear an breithiúnas; foilsíonn tréimhseacháin trádála éagsúla, lena n-áirítear an Iris Dócmhainneachta agus láithreáin gréasáin, sonraí breithiúnas atá cláraithe. Is féidir le breithiúnas cláraithe cur isteach go mór ar chumas an fhéichiúnaí iasacht airgid a fháil. Clárófar an breithiúnas a fhaightear mar fhiachas i gcoinne an pháirtí, agus beidh tionchar diúltach aige sin ar rátáil chreidmheasa an duine.

#### IARRATAIS NUA AR FHORFHEIDHMIÚ A FUARTHAS IN 2014

Fuair an BTCP 535 iarratas san iomlán ar fhorfheidhmiú in 2014.



TÁ AN LÍON IARRATAS A FUARTHAS Ó THIARNA TALÚN, 354 NÓ 66%, CUID MHAITH NÍOS AIRDE I GCÓNAÍ NÁ AN 172 NÓ 32% A FUARTHAS Ó THIONÓNTAÍ. FUARTHAS 9 GCINN D'IARRATAIS NÓ 2% DE NA HIARRATAIS FHORIOMLÁNA Ó IARRATASÓIRÍ TRÍÚ PÁIRTÍ.

### OBAIR FORFHEIDHMITHE IN 2014


Anuas ar an 535 iarratas nua ar fhorfheidhmiú a fuarthas in 2014, thug Aonad Forfheidhmithe an BTCP faoi obair, chomh maith, ar thart ar 450 cás a bhí fós ar siúl ag deireadh 2013. Lean an Bord ag tabhairt tosaíochta do chásanna ar measadh iad a bheith práinneach cosúil leo siúd a bhain le rósheilbh & riaráistí cíosa nó foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta.

Nuair a chuirtear iarratas ar théarmaí Ordaithe a fhorfheidhmiú faoi bhráid an Bhoird, eisítear litir rabhaidh agus cuirtear an oibleagáid atá orthu cloí le téarmaí an ordaithe a rinneadh ina gcoinne i gcuimhne do na páirtithe neamhchomhlíontacha. Déantar an t-ábhar a atreorú chuig an mBord chun cinneadh a fháil maidir le cead an Bhoird forfheidhmiú a lorg ar son na bpáirtithe. Chomh luath agus a chinntear forfheidhmiú a dhéanamh, tugtar mionteagasc d'Abhcóide agus déantar imeachtaí a thionscnamh. Cé go bhféadfadh sé 3.5 mhí ar a laghad a thógáil Ordú Cúirte a fháil i gcás tosaíochta, tógfaidh cásanna neamhthosaíochta níos faide. Ní mór a chur san áireamh go ndéantar forfheidhmiú a lorg tríd an gCúirt Chuarda agus cé go suíonn Cúirt Chuarda

Bhaile Átha Cliath go seachtainiúil, ar an drochuair, ní mar sin atá ar fud na tíre.


Atreoraíodh 402 comhad chuig Eversheds, ár gComhairleoirí Dlí. Baineadh comhlíonadh nó socraíocht amach, gan gá le hatreorú i gcomhair imeachtaí dlí, in 156 cás tar éis d'Aonad Forfheidhmithe an BTCP idirghabháil tosaigh a dhéanamh. Tugadh 329 iarratas ar aghaidh chuig 2015 (B'iarratais a fuarthas in 2014 75% de na hiarratais a bhí ar feitheamh i gcomhair próiseála nó a raibh obair á déanamh orthu ag deireadh na bliana).

Lean Aonad Forfheidhmithe an BTCP de bheith ag soláthar cabhrach do pháirtithe i gcás a bhí ag iarraidh cloí le hOrduithe Cinnidh an BTCP sula mbeadh gá le caingean dlí. I mbeagnach 400 cás d'éascaigh an tAonad an tseirbhís seo trí íocaíochtaí socraíochta agus moltaí socraíochta a sheoladh idir na páirtithe sa díospóid, sa chás, mar shampla, nach mbeadh sonraí teagmhála reatha ar fáil do na páirtithe féin. Bhí sé seo mar bhreis ar an 245 cás ar éascaigh an BTCP agus foireann Eversheds socraíocht ina leith i ndiaidh Forfheidhmiú a bheith iarrtha ach sula ndeachthas chun cúirte.



Fuair an BTCP 354 iarratas ó Thiarnaí Talún chun téarmaí a chuid orduithe cinnidh a fhorfheidhmiú. Bhí iarratais maidir le cásanna a bhain le riaráistí cíosa sa chatagóir ab airde ina raibh comhlíonadh á lorg agus b'ionann iad agus 74% de na hiarratais fhoriomlána ó Thiarnaí Talún. Is í seo an dara bliain ina raibh riaráistí cíosa sa chineál catagóire ba mhó ar iarradh ar an mBord forfheidhmiú ina leith.

Bhain 93% de na hiarratais ó Thiarnaí Talún le cásanna a atreoraíodh mar gheall ar riaráistí cíosa, rósheilbh nó an dá chineál díospóide in éineacht. Ar na ceisteanna eile ar iarradh forfheidhmiú ina leith bhí siad siúd a bhain le damáiste sa bhreis ar chaitheamh agus cuimilt nó sárú ar dhualgais tionónta.



Atreoraíodh 172 comhad chuig Aonad Forfheidhmithe an BTCP mar thoradh ar iarratais ar fhorfheidhmiú a fuarthas ó Thionóntaí. Tá ceisteanna a bhaineann le coinneáil éarlaise fós ar an gcatagóir Orduithe is airde a n-iarrtar forfheidhmiú ina leith. Bhain 71% den líon foriomlán iarratas a fuarthas ó Thionóntaí le hiarratais maidir le dámhachtainí a rinneadh i leith éarlais an Tionónta.

Taobh thiar d'iarratais maidir le neamhchomhlíonadh a bhain le héalrais Tionónta a thabhairt ar ais bhí iarratais a rinneadh maidir le dámhachtainí airgid i leith dualgais Tiarna Talún a bheith á sárú agus foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta. B'ionann an dá chatagóir éileamh agus 16% agus 10% faoi seach.



## TORTHAÍ CÚIRTE

### ORDUITHE CÚIRTE ALT 124 A FUARTHAS

Fuarthas 158 Ordú Cúirte Dúiche in 2014. I mbeagnach gach cás, dámhadh ordú i gcomhair costas, a raibh cáin le gearradh orthu in éagmais comhaontaithe.

Orduithe na Cúirte Cuarda a fuarthas i gcomhréir le hAlt 124 d'Acht 2004						
2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014
5	13	13	42	91	140	158*

\*Baineann na hOrduithe Cúirte seo le cásanna 2014 agus cásanna roimh 2014 a bhí ag dul trí phróiseas na gCúirteanna cheana féin.

### CIÓNUITHE ALT 126

Níor thionscain an BTCP aon ionchúisimh choiriúla de bhun Alt 126 d'Acht 2004 in 2014. An phríomhchúis leis seo is ea nach n-éilíonn ionchúiseamh faoi Alt 126 go gcloífeadh an páirtí neamhchomhlíontach le fíorthearmaí an Ordaithe agus mar sin bheadh gá leis an dara himeacht dlí faoi Alt 124. Níl sé seo éifeachtúil ná cost-éifeachtúil. Sa bhreis air sin, is cosaint do pháirtí in ionchúiseamh a fhógairt go bhfuil siad toilteanach a bheith comhlíontach ach nach féidir leo a bheith comhlíontach mar nach bhfuil sé d'acmhainn acu sin a dhéanamh agus i gcúinsí mar sin is beag seans go gciontófaí an páirtí sa Chúirt.

### BREITHIÚNAIS A CHLÁRÚ

Is é beartas an BTCP i ngach cás nach ndéantar Breithiúnas Cúirte a chomhlíonadh, an breithiúnas sin a chlárú mar fhiachas. Más mian le páirtithe íocaíochtaí socraíochta a dhéanamh i ndiaidh na héisteachta Cúirte, ní chláróidh

an BTCP an breithiúnas chun soláthar a dhéanamh maidir le plean íocaíochta a chomhlánú agus íocaíochtaí a dhéanamh. Sa chás go dtagann deireadh leis na híocaíochtaí is féidir leis an BTCP an t-iarmhéid atá gan íoc a chlárú mar fhiachas breithiúnais.

### SOCRAÍOCHTAÍ A RINNEADH TAR ÉIS ATREORAITHE CHUIG COMHAIRLEOIRÍ DLÍ.

Chomh maith leis an 400 cás inar éascaigh an t-aonad Forfheidhmithe socraíocht sular atreoraíodh chuig Atur nae iad, baineadh amach comhlíonadh nó socraíocht in 245 cás eile nuair a atreoraíodh cásanna chuig comhairleoirí dlí an BTCP gan an riachtanas imeachtaí iomlána dlí a thionscnamh. Ag brath ar an staid ag a ndéanann an páirtí neamhchomhlíontach iarracht an cheist a shocrú d'fhéadfadh roinnt costas a bheith i gceist. Mar sin is chun leasa an pháirtí a bheith rannpháirteach ag an staid is luaithe is féidir.

### ACHOIMRE AR OBAIR FORFHEIDHMITHE A NDEACHTHAS INA BUN IN 2014


Cásanna Forfheidhmithe a tugadh ar aghaidh ó 2013	450
Iarratais ar Fhorfheidhmiú a fuarthas le linn 2014	535
Iarratais ar Fhorfheidhmiú ar dhiúltaigh an Bord dóibh	65
Comhaontuithe Socraíochta a bhain foireann an BTCP agus na Comhairleoirí Dlí amach roimh imeachtaí cúirte.	245*
Comhaid Forfheidhmithe a atreoraíodh chuig Comhairleoirí Dlí	402
Orduithe Cúirte a Fuarthas	158
Achomhairc Reachtúla de bhun Alt123	10 → 7 cosanta go rathúil → 2 aistarraingthe → 1 le héisteacht in 2015
Athbhreithniú Breithiúnach	1 → Cosanta go rathúil
Iarratais ar Fhorfheidhmiú ar láimh ag deireadh na bliana 2014	329

*\*Ina theannta sin, d'éascaigh an tAonad Forfheidhmithe comhlíonadh trí mholtaí socraíochta agus íocaíochtaí socraíochta a fuarthas de bhun Ordú Cinnidh a sheoladh ar aghaidh in 380 cás.*

CUID 3

FEIDHMEANNA  
TAIGHDE  
AN BTCP

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2014



[ 01 ] TAIGHDE AN BTCP AR  
THODHCHAÍ NA TITHÍOCHTA  
AR CÍOS SAN EARNÁIL  
PHRÍOBHÁIDEACH AGUS  
COBHSAÍOCHT CHÍOSA –  
ACHOIMRE Ó CAROLINE  
KELLEHER, COMHAIRLEOIRÍ  
EACNAMÁIOCHA DKM





Chun comóradh a dhéanamh ar bhunú an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) deich mbliana ó shin agus i bhfianaise roinnt de na saincheisteanna a gcaithfidh an earnáil aghaidh a thabhairt orthu agus na hathruithe atá tarlaithe sa tréimhse sin, choimisiúnaigh an Bord Comhairleoirí Eacnamaíochta DKM, ESRI, RED C agus Aturnaetha Ronan Daly Jermyn chun dhá thuarascáil a ullmhú ar staid reatha na hearnála agus an todhchaí a bhraitear atá i ndán di. Ba iad teideal na dtuarascálacha Cobhsaíocht Chíos a dTithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach, agus Todhchaí na Tithíochta ar Cíos san Earnáil Phríobháideach, agus reáchtáil an BTCP comhdháil speisialta ar thorthaí na dtuarascálacha sin i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Breithníodh sa Tuarascáil Cobhsaíocht Chíos a dTithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach roghanna sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus roghanna san fhadtéarma chun aghaidh a thabhairt ar chíosanna a bheith ag ardú. Scrúdaíodh ann raon saincheisteanna maidir le cobhsaíocht chíos; lena n-áirítear mar a chaitear faoi láthair ó thaobh cúrsaí cánach leis an earnáil chíos, an fhéidearthacht atá ann an Forlíonadh Cíos a innéacsú an fhéidearthacht don rialú cíos i gcomhthéacs na hÉireann, sa chás go ndéanfaí cinneadh polaitíochta a bheadh i bhfabhar go ndéanfaí rialú ar chíos.

Bhí na torthaí bunaithe ar athbhreithniú cuimsitheach ar rialú cíos i ndlínsí eile ina bhfuil tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach forbartha iontu, scrúdaíodh mar a riartar iad, na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cur chuigí éagsúla agus an tionchar a bhíonn acu.

Breithníodh leis an taighde nach raibh rialú cíos oiriúnach ag an tráth seo, le haird ar an mbaol go laghdódh sé seo an soláthar (i.e. beagnach 40,000 Réadmhaoin Ceannach le Ligean agus riaráistí tromchúiseacha morgáiste acu, bhí sé i gceist ag 29% de na Tiarnaí Talún i suirbhé RED C a réadmhaoin a dhíol chomh luath agus a bheadh ar a gcumas sin a dhéanamh). Ba é tatal na tuarascála gurb é an t-ábhar imní is mó atá i margadh na hÉireann gurb é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ag aon chineál rialaithe ar chíos go laghdódh an soláthar agus cáilíocht na cóiríochta ar cíos agus ar an tslí sin go gcuirfí an margadh as riocht tuilleadh, i bhfianaise easpa dreasachtaí chun soláthar a spreagadh.

Agus moladh déanta gan dul le rialú cíos, leagtar amach leis an taighde roinnt roghanna beartas chun cobhsaíocht chíos a níos fearr agus cinnteacht i margadh na hÉireann a bhaint amach. Dhírigh na bearta eile sin ar na nithe seo a leanas:

→ Dreasachtaí cánach spriocdhírthe a sholáthar lena n-áirítear Léas Cinnteachta Cíos (léasanna ar feadh 5 bliana nó níos mó agus nach gceadófaí ach arduithe.

Ó THAOBH DAINGNEACHT TIONÓNACHTA, LUADH SA TUARASCÁIL GO BHFÉADFADH TIONÓNTACHTAÍ FADTÉARMACHA A BHEITH MAR BHUNTÁISTE DO THIARNAÍ TALÚN AGUS DO THIONÓNTAÍ ARAON TRÍ SHRUTH ÍONCAIM COBHSAÍ A THAIRISCINT.

ar chíos a bheadh nasctha leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) agus go mbeadh buntáistí cánach féideartha do Thiarnaí Talún) a thabhairt isteach.

- Eolas níos fearr a sholáthar lena chinntiú go mbeidh níos mó eolais ar fáil don earnáil féin,
- An cás a fheabhsú i ndáil le hathbhreithniú ar chíosanna lena n-áirítear rialáil níos láidre thart ar ardú ar chíosanna, lena n-áirítear fógra 3 mhí ar Ardú Cíos, oibleagáid ar Thiarnaí Talún seasamh le hardú trí thagairt do thrí réadmhaoín inchomparáide (mar a dhéantar sa Ghearmáin), lena n-áirítear Innéacs Cíos an BTCP.
- An reachtaíocht atá in áit faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 a fhorfheidhmiú.
- An stoc atá ann a chosaint.
- Cur leis an soláthar réadmhaoín ar cíos.

Scrúdaíodh saincheisteanna rialála agus dearcthaí i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara sa tuarascáil Toghcháin na Tithíochta ar Cíos san Earnáil Phríobháideach – via suirbhéanna agus comhairliúcháin – chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar thaithí idirnáisiúnta maidir le rialáil agus bearta soláthair. Ba é cuspóir an athbhreithnithe sraith roghanna a thabhairt don BTCP maidir leis a gcaoi a bhféadfaidh tithíocht ar cíos san earnáil príobháideach a bheith inmharthana sa toghcháin chomh maith le ról tábhachtach a bheith acu chun freastal ar raon leathan líonta tí i gcóiríocht inacmhainne agus ar cháilíocht ard.

Léiríodh sa tuarascáil sin na hathruithe fíoscacha sa tréimhse idir 2007 agus 2014 agus go bhfuil ardú mór ar an ualach cánach ó thaobh na dtiarnaí talún de dá mbarr. Níl an réimeas cánach atá in áit do

thiarnaí talún a bhíonn ag infheistiú san earnáil infheistíochta cónaithe den chuid is mó chomh fabharach céanna agus atá d'infheisteoirí i réadmhaoín infheistíochta tráchtála. Meallann iasachtaí a mhaoíníonn infheistíocht san earnáil cíosa cónaithe 75% de liúntas úis i gcomparáid le 100% don earnáil cíosa tráchtála. Gan na torthaí infheistíochta do dhaoine aonair a ghíaráilann ceannacháin den sórt sin a chothromú le hinfeistíocht san earnáil réadmhaoine tráchtála, d'fhéadfadh bac a bheith ann d'iontráil chuig infheistíocht i dtithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach.

Le haird ar chás an Státchiste, aithnítear go m'fhéidir go dtógfadh sé roinnt blianta go gcuirfí faoiseamh úis níos airde i bhfeidhm. I dtréimhse ama níos lú, aithnítear rogha ina dtabharfaí faoiseamh chánach 100% do Thiarnaí Talún a chuireann tithíocht ar fáil do Thionóntaí a fhaigheann Forlíonadh Cíos HAP nó RAS ar feadh 5 bliana ar a laghad. Moladh sa tuarascáil sin freisin go bhféadfaí faoiseamh cánach ar Chíos a thabhairt do Thionóntaí go dtí deireadh 2017.

Áirítear ar na roghanna eile sa tuarascáil ó thaobh soláthair de an gá atá ann infheistíocht a dhéanamh in REITanna. Aithníodh rogha freisin chun tionscnamh na Cathrach Beo a shíneadh chuig Tiarnaí Talún, agus tugadh le fios go bhfuil soláthar ann d'aonaid fhéideartha de chóiríocht chíosa i gceantair i lár cathracha a mbeadh buntáiste mór ann dóibh ó athghiniúint eacnamaíoch agus ardú ar an líon custaiméirí. Ba chóir fógraíocht a dhéanamh ar scéimeanna reatha mar Seomra ar Cíos agus iad a chur chun cinn.

Ar deireadh, ó thaobh soláthair de, tugadh ar aird sa tuarascáil go bhfuil an fhadhb le riaráistí morgáiste ar cheann de na dúshláin is mó atá fós ann ón



ngéarchéim airgeadais agus go bhfuil tionchar aige sin fós ar thionóntaí. Sin fadhb nach mór réiteach láithreach a fháil uirthi chun go bhfanfaidh an stoc reatha réadmhaoine laistigh den earnáil. Díriodh sa tuarascáil freisin ar an tionchar a bhíonn ag athshealbhú réadmhaoine Ceannach le Ligean ar Thionóntaí agus an gá atá le Cód Cleachtais maidir le hathshealbhú.

Ó thaobh daingneacht tionónachta, luadh sa tuarascáil go bhféadfadh tionóntachtaí fadtéarmacha a bheith mar bhuntáiste do thiarnaí talún agus do thionóntaí araon trí shruth ioncaim cobhsaí a thairiscint. Breithníodh go mbeadh sé sin an-tarraingteacht do thiarnaí talún, fad agus nach mbeadh tionchar aige ar a gcumas leibhéil cíosa a choigeartú, agus bheadh tionóntaí in ann sásamh a bhaint as cinnteacht d'áit chónaithe san fhadtéarma fad agus a bheadh siad in acmhainn na harduithe cíosa a íoc.

Maidir le ról na rialála agus an BTCP, fuarthas sa taighde go bhfuil easpa feasachta ann maidir le cearta agus freagrachtaí tiarnaí talún agus tionóntaí araon, agus go bhfuil téarmaí Acht 2004 casta agus deacair a thuiscint, go háirithe sna réimsí a bhaineann le foirceannadh dleathach ar thionóntachtaí, teidlíocht ar dhaingneacht tionónachta ar feadh suas le cheithre bliana, agus na himthosca ina bhféadfar an cíos a ardú.

Maidir leis an gceist a bhaineann le híoschaighdeáin a chur i bhfeidhm ó thaobh cóiríochta ar cíos, cuireadh rogha

chun cinn sa tuarascáil de dheimhniúchán neamhspleách tréimhsiúil, cosúil ar shlí leis an gcóras NCT, sula bhféadfaidh na Tiarnaí Talún a réadmhaoine a ligean ar cíos. Ar an tslí chéanna moltar nár chóir fógraíocht a dhéanamh ar aonaid gan mbíonn Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) acu. Ar deireadh, moltar rogha scrúdú ar líne a thabhairt isteach ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe do Ghníomhairí Eastát ar mian leo seirbhísí cíosa / bainistíochta a thairiscint.

Ar deireadh, luadh sa tuarascáil freisin gurb é an príomhdhúshlán beartais atá ag teacht chun cinn soláthar dóthanach a chruthú de chóiríocht chíosa ar ardchaighdeán do dhaoine a bheadh ag iarraidh áit a ligean san fhadtéarma ag praghas inacmhainne, agus an leibhéal cuí rialála do na príomhsholáthróirí agus daingneacht tionóntachta níos fearr do thionóntaí reatha agus do thionóntaí ionchais. Luadh freisin chun íomhá níos fearr don earnáil a chinntiú go gcaithfí an tslí a mothaíonn daoine a athrú, gur tréimhse ama ar leith é áit a fháil ar cíos go dtí go gceannaíonn daoine a dteach cónaithe féin. De réir a chéile, ba chóir go mbeadh tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach rialaithe mar is cuí ag cur cóiríochta inacmhainne d'ardchaighdeán ar fáil agus sin a bheith neadaithe go maith le taobh cainéil eile de sholáthar tithíochta, go sonrath an earnáil dheonach neamhbhrabúis agus an earnáil phríobháideach úinéir-áitithe.

CHUN ÍOMHÁ NÍOS FEARR DON EARNÁIL A CHINNTIÚ GO gCAITHFÍ AN TSLÍ A MOTHAÍONN DAOINE A ATHRÚ, GUR TRÉIMHSE AMA AR LEITH É ÁIT A FHÁIL AR CÍOS GO DTÍ GO gCEANNAÍONN DAOINE A dTEACH CÓNAITHE FÉIN.

# [02] COMHDHÁIL BTCP AG COMÓRADH 10 MBLIANA A BHUNAITHE



Bhí an BTCP ar an bhfód le deich mbliana in 2014 agus chun ceiliúradh a dhéanamh air sin reáchtáladh Comhdháil speisialta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 23 Deireadh Fómhair mar Chomóradh 10 mbliana faoi thodhchaí na tithíochta ar cíos san Earnáil Phríobháideach in Éirinn. Seoladh dhá thuarascáil mhóra ag an ócáid sin, Todhchaí na Tithíochta ar Cíos san Earnáil Phríobháideach agus Cobhsaíocht Chíos a dTithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach, arna tháirgeadh ag foireann ina raibh Comhairleoirí Eacnamaíoch DKM; Ronan, Daly Jermyn; an ESRI agus Red C páirteach. Ba é an tAire

Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Alan Kelly, T.D., a sheol na tuarascálacha agus ba í an craoltóir Olivia O’Leary a bhí i mbun na comhdhála. Seo a leanas na daoine a labhair ag an gcomhdháil agus cuid de na nithe a cuireadh i láthair:

- Próifíl na Tithíochta ar Cíos san Earnáil Phríobháideach, agus Ról an BTCP - Catriona Walsh, Cathaoirleach, BTCP
- Dearcthaí i leith na Tithíochta ar Cíos san Earnáil Phríobháideach – David Duffy, ESRI
- Leasú ar an mBille um Thionóntachtaí Cónaithe agus an Scéim Chosanta Taisc

- Damian Allen, Príomhoifigeach, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil
- Dearnadh an Chumainn Tithíochta Neamhbhrabúis – Kathleen McKillion, Comhalta Boird BTCP agus Stiúrthóir Oibríochtaí, Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann
- Peirspictíocht na dTionóntaí – Bob Jordan, Príomhfheidhmeannach, Threshold
- Peirspictíocht na dTiarnaí Talún – Kersten Mehl, Stiúrthóir, KMPM
- Réamhrá ar Thodhchaí na Tithíochta ar Cíos san Earnáil Phríobháideach – Anne Marie Caulfield, Stiúrthóir BTCP
- Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Mhargáí Cíosa – Caroline Kelleher, Eacnamaí Sinsearach, Comhairleoirí Eacnamaíoch DKM

“TÁ AMLÍNTE BREITHNEOIREACHTA LAGHDAITHE AGAINN Ó 18 MÍ IN 2008 GO DTÍ CÚIG MHÍ ANOIS. CHOMH MAITH LEIS SIN, MÁ BHÍONN AN DÁ PHÁIRTÍ AG IARRAIDH GNÍOMHÚ LENÁR SEIRBHÍSÍ IDIRGHABHÁLA GUTHÁIN NUA, IS FÉIDIR NA DÍOSPÓIDÍ A RÉITEACH ANOIS I NAOI SEACHTAINE. TÓGANN BINSÍ CEITHRE MHÍ, ACH TÁ AN RÁTA ACHOMHAIRC TITE GO MÓR”.

Cathaoirleach an BTCP,  
Catriona Walsh Uasal

“TÁ LEASÚ AR AN MBILLE UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE (UIMH.2) 2012 OS COMHAIR AN OIREACHTAIS FAOI LÁTHAIR, TÓGTAR ANN AR A BHFUIL BAINTE AMACH CHEANA FÉIN AG AN ACHT UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE AGUS GO HÁIRITHE AG AN BTCP. IS PÍOSA REACHTAÍOCHTA AN-TÁBHACHTACH ATÁ ANSEO A DHÉANFAIDH SOLÁTHAR D’FHORBAIRT BHREISE AGUS DO RIALÁIL NA HEARNÁLA CÍOSA AGUS IS COMHCHUID THÁBHACHTACH É CHUN BEARTAS TITHÍOCHTA AN RIALTAIS A SHEACHADADH”.

An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, An tUasal Alan Kelly, T.D.

# [03] INNÉACS CÍOSA AN BTCP

Ar cheann de na ról atá ag an BTCP tá faisnéis a bhailiú agus a sholáthar a bhaineann le tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le leibhéil reatha cíosa.

Tá an tInnéacs Cíosa ar an tuarascáil chíosa is cruinne agus is údarásaí dá leithéid ar an earnáil phríobháideach chóiríochta in Éirinn mar go léirítear ann na cíosanna féin atá á n-íoc, de réir thaifid an BTCP, seachas an cíos a iarradh nó a fógraíodh, atá mar bhonn le tuarascálacha cíosa eile. Tá an tInnéacs Cíosa bunaithe ar shonraí a luaitear gan ainm a sholáthair an BTCP don ESRI. Táirgtear é trí mhodheolaíocht chúlaithe saintréithe ar modh í chun éileamh nó praghsanna a mheas, i.e. déanann sé an t-earra a bhfuil taighde á dhéanamh air a dhianscaoileadh isteach ina shaintréithe (e.g. méid na háite cónaithe, saghas na réadmhaoine, láthair etc.) agus faightear meastacháin ar an luach atá ar gach saintréith. Cuimsítear faisnéis san innéacs cíosa a bhaineann le naoi gcatagóir éagsúla, i.e. náisiúnta, Baile Átha Cliath, lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus déantar miondealú breise air de réir shaghas an tí agus an árasáin. Cabhraíonn an t-innéacs le réimse cuspóirí Rialtais, lena n-áirítear beartas tithíochta go ginearálta agus faisnéis a sholáthar do scéim Forlónadh Cíosa na Roinne Coimirce Sóisialaí. Anuas air sin, is cáipéis thábhachtach tagartha í i ndíospóidí tiarna talún/ tionónta ar chíos.

Tá fáil ar fhaisnéis níos mionsonraithe sa tacar sonraí ar mheánchíos. Cuireann sé ar chumas daoine seiceáil a dhéanamh ar an meánchíos atá á íoc ag tréimhsí áirithe ama i gcás cúig chatagóir éagsúla ama de shaghsanna áiteanna cónaithe in 446 láthair ar fud na tíre, i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon. Tá roghnú na láithreach bunaithe ar dhaonra agus ar mhéid an tacair sonraí. Cuireann seo ar chumas daoine a sheiceáil céard é an cíos cruinn atá á íoc, cuirimid i gcás, do theach leathscoite nó d'árasán dhá sheomra leapa ina gcomharsanacht, agus i gcodanna eile den tír.

## **INNÉACS CÍOSA AN BTCP - FORBHREATHNÚ AR 2014 LE DAVID DUFFY, ESRI**

Léiríonn Innéacs Cíosa an BTCP faoin ceathrú ráithe de 2014, go náisiúnta, go raibh cíosanna 5.8% níos airde ná mar a bhí i ráithe 4 in 2013. Ag an leibhéal náisiúnta, bhí cíosanna do thithe 4.8% níos airde, agus bhí cíosanna d'árasáin 6.4% níos airde ná mar a bhí sa ráithe chéanna in 2013. Bhí an fás bliantúil i margadh Bhaile Átha Cliath níos láidre, ardú 9.6%, agus bhí cíosanna ar thithe i mBaile Átha Cliath ardaíthe 7% agus bhí cíosanna d'árasáin i mBaile Átha Cliath 10.9% níos airde. Mar chodarsnacht, ní raibh an fás bliantúil ar chíosanna don mhargadh lasmuigh de Bhaile

Átha Cliath chomh hard sin, ardú 3.9% i gcomparáid leis an gceathrú ráithe de 2013. Arís bhí difríochtaí i gceist bunaithe ar na cineálacha áiteanna cónaithe a bhí i gceist. D'ardaigh an cíós do thithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath 4.4%, agus d'ardaigh an cíós d'árasáin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath 2.9%.


Léiríonn an tInnéacs Cíosa, go náisiúnta, gur bhain cíosanna buaicphointe amach sa cheathrú ráithe in 2007 sular tháinig meath 26% orthu chuig na figiúirí ab ísle sa chéad ráithe in 2012. Faoi Ráithe 4, 2014 bhí cíosanna go náisiúnta 17.8% níos ísle ná mar a bhí ag a mbuaicphointe. Bhí cíosanna in 2014 5.6% níos airde i Ráithe 4 i gcomparáid leis an gcéad ráithe den bhliain. Tharla an fás ab airde i margadh Bhaile Átha Cliath, agus bhí cíosanna ar árasáin ardaithe 10.5% idir Ráithe

1 agus Ráithe 4, 2014, agus d'ardaigh cíosanna tí i mBaile Átha Cliath 6.5% thar an tréimhse chéanna. Cé go raibh an buaic-ísealphointe i margadh Bhaile Átha Cliath cosúil leis sin a tugadh faoi deara go náisiúnta, mar gheall ar threise an téarnaimh i mBaile Átha Cliath, tá cíosanna 9% níos ísle ná mar a bhí siad ag an bpointe ab airde. I gcodarsnacht leis sin, bhí smacht ní ba mhó ar an margadh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus cíosanna ag ardú 3.4% sa bhliain.

Tá árasáin fós ar fhormhór na gclárúcháin in 2014 agus beagnach 43% acu cláraithe, agus ar an dara cineál réadmhaoine is mó a bhí cláraithe bhí tithe leathscoite ag 24.6%. Tá cathair agus contae Bhaile Átha Cliath ar an margadh is mó a bhfuil árasáin ar cíós ann, agus 53% den líon iomlán árasán ann.


## INNÉACS CÍOSA AN BTCP - NÁISIÚNTA

C3 2007=100




## INNÉACS CÍOSA AN BTCP – BAILE ÁTHA CLIATH

C3 2007=100



## INNÉACS CÍOSA AN BTCP – LASMUGH DE BHAILE ÁTHA CLIATH

C3 2007=100



## CONAS AN TINNÉACS CÍOSA A SHEICEÁIL?


Chun an tInnéacs Cíosa agus an tacar sonraí ar mheánchíos a sheiceáil, logáil ar láithreán gréasáin an BTCP ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie).  
Clliceáil ar an ícón “Innéacs Cíosa”.



CUID 4

[ RIALACHAS  
AN BTCP ]

PRTB ANNUAL REPORT 2014



# [01] AN BORD

## COMHALTAÍ AN BHOIRD



**Catriona Walsh**

Atur nae (Cathaoirleach)



**Noel Conroy**

Iar-Choimisinéir na nGardaí



**Rhonda Donaghey**

Oifigeach Ceardchumainn



**John Fitzgerald**

Oibrí Gairmiúil Réadmhaoine, Comhalta den Institiúid Ceantálaithe Réadmhaoine agus Luachálaithe (I.P.A.V)



**Paul Flood**

Bainisteoir Eastát, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Baile Átha Cliath Thuaidh



**Kathleen McKillion**

Stiúrthóir Oibríochtaí, Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann



**Joseph Meehan**

Státseirbhíseach, An Roinn Coimirce Sóisialaí



**Noel Merrick**

Oibrí Gairmiúil Réadmhaoine, Comhalta den Institiúid Ceantálaithe Réadmhaoine agus Luachálaithe (I.P.A.V)



**Tim Ryan**

agus Comhairleoir Caidrimh Phoiblí agus Gnóthaí Poiblí



**Gareth Robinson**

Abhcóide



**Tricia Sheehy Skeffington**

Abhcóide



**Jimmy Leahy**

Teicneoir IT

D'éirigh Paula O'Reilly – as in 2014. Athcheapadh Joe Meehan – in 2014. Ceapadh Jimmy Leahy – in 2014.

## COMHALTAÍ AN BHOIRD

Is é an tAire a cheapann Comhaltaí an Bhoird mar dhaoine a bhfuil taithí acu sa réimse saineolais a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird (Alt 153 den Acht). Tá Bord BTCP tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is fearr a choimeád de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'ullmhaigh agus ghlac an Bord le cóid iompair ghnó dá gcomhaltaí Boird, Stiúrthóir, foireann, agus dá mbreithneoirí agus idirghabhálaithe. D'ullmhaigh siad straitéis chorparáide trí bliana agus pleananna gnó bliantúla freisin.

Tháinig an Bord le chéile ar 59 ócáid i rith 2014 chun déileáil le nithe a bhaineann

le beartas agus díospóidí araon. Anuas air sin, reáchtáladh 51 cruinniú de choistí an Bhoird. In 2014, íocadh táillí iomlána €297,667 le comhaltaí Boird, ar bhain €151,298 de le freastal ar chruinnithe an Bhoird (beartas, díospóidí, coistí, oiliúint agus Coistí Cíosa), agus €146,369 le hobair a bhain le Binsí. Gheofar miondealú ar na híocaíochtaí uile a rinneadh le comhaltaí Boird in 2014 ar leathanach 93 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Anuas air sin íocadh amach €18,214.77 le Comhaltaí Boird, freisin, as taisteal agus cothabháil a bhain leis an bhfreastal a rinne siad ar chruinnithe agus ar Bhinsí agus íocadh iad seo de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

## MAR SEO A LEANAS A BHÍ NA TÁILLÍ A BHÍ INÍOCTHA IN 2014 MAIDIR LE DUALGAIS AN BHOIRD:

Gníomhaíocht	Fees
Cruinnithe Boird/Cruinnithe Coiste/Oiliúint	€196
Cruinnithe Boird/Cruinnithe Coiste - Cathaoirleach	€217
Cruinnithe Díospóide	€329
Cruinnithe Díospóide - Cathaoirleach	€509
Binsí	€506*
Binsí - Cathaoirleach	€1,020*

\* Áirítear táille tuarascála sa tsuim seo.

THÁINIG AN BORD LE CHÉILE AR 59 ÓCÁID I RITH 2014 CHUN DÉILEÁIL LE NITHE A BHAINNEANN LE BEARTAS AGUS DÍOSPÓIDÍ ARAON. ANUAS AIR SIN, REÁCHTÁLADH 51 CRUINNIÚ DE CHOISTÍ AN BHOIRD.

## FREASTAL NA GCOMHALTAÍ BOIRD 2014

Leagtar amach thíos freastal na gcomhaltaí Boird ar chruinnithe, agus rannpháirtíocht in obair eile an Bhoird i rith na bliana, don tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014.

An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu in 2014				
Comhalta Boird	Dáta an Cheapacháin	Beartas an Bhoird	Díospóidí an Bhoird	Coistí/Oiliúint /Cruinnithe an Chathaoirligh* /Eile**
Catriona Walsh	16/04/2013	11	28	20
Joe Meehan	01/12/2010	6	1	1
Tim Ryan	17/02/2012	9	19	17
Tricia Sheehy Skeffington	17/02/2012	13	17	18
John FitzGerald	01/04/2013	11	44	12
Paul Flood	01/04/2013	9	4	4
Noel Merrick	01/04/2013	13	42	24
Rhonda Donaghey	16/04/2013	10	14	0
Gareth Robinson	02/10/2013	12	37	12
Noel Conroy	02/10/2013	12	46	12
Kathleen McKillion	02/10/2013	9	5	12
Jimmy Leahy	10/06/2014	7	28	11
<b>Iar-Chomhaltaí Boird – Téarma in éag/éirithe as in 2014</b>		<b>Beartas an Bhoird</b>	<b>Díospóidí an Bhoird</b>	<b>Coistí &amp; Oiliúint</b>
Paula O'Reilly		4	8	0
<b>Líon iomlán na gcruinnithe</b>		<b>13</b>	<b>46</b>	<b>59</b>

\* Baineann seo leis an gCathaoirleach agus sin amháin.

\*\*Comhdháil BTCP ag Comóradh 10 mBliana a Bhunaithe, Deireadh Fómhair 2014.

# [02] STRUCHTÚIR RIALACHAIS AN BTCP

## GNÍOMHAÍOCHT & COMHALTAS NA gCOISTÍ

De réir Alt 157 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, bhunaigh an Bord roinnt coistí chun cabhrú le comhlíonadh a bhfreagrachtaí.

### 1. AN COISTE RÉITITHE DÍOSPÓIDE

**Catriona Walsh**

**Aidan Brennan**

**Finian Matthews**

**Gareth Robinson**

**Gene Feighery**

**John FitzGerald**

**John Tiernan**

**Kathleen McKillion**

**Noel Conroy**

**Orla Coyne**

**Patricia Sheehy Skeffington**

**Thomas Reilly**

**Tim Ryan**

**Vincent P. Martin**

**Noel Merrick**

Bronnann Alt 159 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 cumhachtaí ar Bhord an BTCP chun Coiste Réitithe Díospóide a bhunú, agus chun feidhmeanna a tharmligean agus chun comhaltaí a cheapadh ar an gcoiste sin. Is iad Coiste Réitithe Díospóide (CRD) an BTCP an painéal óna dtarraingítear comhaltaí na mBinsí Tionóntachta ar a mbíonn triúr. Ós rud é nach féidir cinntí

Binse a achomharc ach ar pointe dlí leis an Ard-Chúirt, tugann comhaltaí an CRD faoi fheidhm thábhachtach gharbhreithiúnach. Déanann na Binsí, ar chur i gcrích éisteachta, cinneadh agus cuireann siad an Bord ar an eolas faoin gcinneadh, de bhun Alt 108(1) den Acht. Ina dhiaidh sin, déanann an Bord, de réir Alt 121 den Acht, Ordú Cinnidh atá ina cheanglas, agus eisítear é sin, mar aon le tuarascáil an Bhinse, chuig na páirtithe atá i gceist; tionóladh 249 Binse den sórt sin i rith 2014.

### 2. AN COISTE TAIGHDE, OIDEACHAIS AGUS FEASACHTA & CAIDRIMH PHOIBLÍ

**Tim Ryan**, Cathaoirleach agus Comhalta Boird

**John Fitzgerald**, Comhalta Boird

**Noel Conroy**, Comhalta Boird

**Noel Merrick**, Comhalta Boird

**Patricia Sheehy Skeffington**, Comhalta Boird

**Bob Jordan**, Threshold

**Caren Gallagher**, Comhairle na hÉireann maidir le Tithíocht Shóisialta

**John Leahy**, [irishlandlord.com](http://irishlandlord.com)

**Kersten Mehl**, Oibrí Gairmiúil Réadmhaoine

**Thomas Reilly**, Oibrí Gairmiúil Réadmhaoine

**Eoin O'Sullivan**, Ollamh le Beartas Sóisialta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

In 2014, nasc an Coiste Taighde, Oideachais agus Feasachta leis an gCoiste Caidrimh Phoiblí (REA/PR). Bhí trí chruinniú ag an gCoiste i rith na bliana. In 2014, rinne an Coiste tairiscint ar thaighde do thodhchaí tithíochta ar cíos san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear bearta a bhreithniú chun leibhéal níos airde de chobhsaíocht chíosa a chinntiú. Bunaíodh fochoiste chun maoirseacht a dhéanamh ar an taighde, chun oibriú i gcomhar leo siúd ar éirigh leo an tairiscint a fháil agus chun tuairisciú ar ais chuig an gCoiste REA/PR.

Bronnadh an conradh ar chuibhreannas páirtithe faoi stiúir Chomhairleoirí Eacnamaíoch DKM, agus áiríodh orthu an ESRI, Taighde agus Margaíocht Red C, agus an gnólacht dlí Ronan, Daly Jermyn.

Tá teacht i gCuid 3 ar achoimre ar an gCobhsaíocht Chíosa agus Todhchaí na hEarnála Chíosa Príobháidí de chuid Caroline Kelleher ó Chomhairleoirí DKM.

Bhí an Coiste REA/PR i mbun Chomhdháil Chomóradh 10 mbliana an BTCP freisin a

bhí ar siúl an 23 Deireadh Fómhair agus ag ar seoladh na tuarascálacha Cobhsaíocht Chíosa agus Todhchaí na Tithíochta ar Cíos san Earnáil Phríobháideach araon. Tá mionsonraí faoin gComhdháil le fáil i gCuid a 3.

Bhí an Coiste ina n-óstaigh ar chruinniú le príomhpháirtithe leasmhara, ar nós an IPOA, an IPAV, Cumann na Suirbhéirí Cairte in Éirinn, IrishLandlord.com, Focus Ireland, Theshold an SCSÍ, Pobal Shíomóin, IrishLandlord.com, Focus Ireland, KMPM, Threshold, Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) agus Naomh Uinseann de Pól. Ar na hábhair a bhreithnigh an grúpa Páirtithe Leasmhara bhí Íoschaighdeáin, comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, An Clár Cuidithe Tithíochta agus Innéacs Chíosa an BTCP, i measc nithe eile.

Rinne an BTCP urraíocht ar leabhar chíosa do mhic léinn i gcomhar leis an USI, a seoladh ag tús na bliana acadúla nua i Meán Fómhair 2014 agus bhíodar rannpháirteach in imeachtaí éagsúla sna meáin agus é sin á sheoladh.



**3. AN COISTE INIÚCHTA**

**Joe Meade**, Cathaoirleach, Iar-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais

**Dermot Byrne**, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**Paul Flood**, Comhalta Boird

**Damian Allen**, An Rannóg Rialála Tithíochta, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**Gareth Robinson**, Comhalta Boird

**4. AN COISTE AIRGEADAIS**

**Catriona Walsh**, Cathaoirleach, Cathaoirleach an Bhoird

**Tim Ryan**, Comhalta Boird

**John FitzGerald**, Comhalta Boird

**Noel Merrick**, Comhalta Boird

**Kathleen McKillion**, Comhalta Boird\*

**Jimmy Leahy**, Comhalta Boird\*

**Joe Meehan**, Comhalta Boird\*

**Paula O'Reilly**, Comhalta Boird\*

Tá an Coiste Iniúchta comhdhéanta de chúigear comhaltaí, is comhaltaí Boird beirt díobh agus is comhaltaí seachtracha leis an BTCP an tríúr eile. Tá Joseph Meade, Iar-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, mar chathaoirleach ar an gcoiste, agus tionóladh an coiste ceithre huaire in 2014.

Athbhreithníodh an Plean Iniúchta Inmheánach 2013 – 2015 ag gach cruinniú agus as sin, chuathas i mbun Iniúchtaí ar Fhorfheidhmiú Clárúchán, Aisghabháil Tubaiste, Athbhreithniú ar Sheirbhísí Ionad Conartha Seachfhoinsithe, Deimhniúchán ar Thuarastail Bhainistíochta Sinsearaí an BTCP agus Athbhreithniú ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh, sin nó tugadh chun críche iad in 2014. Chuaigh an coiste i mbun Oilíuint Athnuachana Iniúchta in 2014 agus breithníodh gur chóir dul ina bhun sin go bliantúil.

\*D'éag téarma an Uasail Joseph Meehan (Státseirbhíseach, An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Comhalta Boird) ar an gcoiste an 16/03/2014 agus d'éirigh Paula O'Reilly Uasal (Státseirbhíseach, DoECLG agus Comhalta Boird) as an 30/05/2014. Tháinig an tUasal Jimmy Leahy agus Kathleen McKillion Uasal ina n-áit an 27/06/2014.

Bhí deich gcruinniú ag an gCoiste Airgeadais in 2014. Déantar breithniú mionsonraithe ar airgeadas agus ar bheartais an Bhoird; déantar athbhreithniú ar bhuiséid agus ar thuarascálacha airgeadais; tugann siad comhairle agus déanann siad moltaí leis an mBord, leis an Stiúrthóir agus leis an mbainistíocht shinsearach. Anuas air sin, déanann siad scrúdú ar chuntais bhliantúla an Bhoird. Sholáthair an BTCP a maoiniú féin go hiomlán ó 2009 i leith.

## 5. AN COISTE REACHTAÍOCHTA, CLEACHTAIS & NÓS IMEACHTA

**Finian Matthews**, Cathaoirleach,  
Státseirbhíseach Scortha

**Catriona Walsh**, Cathaoirleach Bhord an  
BTCP

**Anne Colley**, Aturnae

**William B. Devine\***, Aturnae

**Tricia Sheehy Skeffington**, Comhalta Boird

**Tim Ryan**, Comhalta Boird\*

**Noel Merrick**, Comhalta Boird

**Kathleen McKillion**, Comhalta Boird\*

**Noel Conroy**, Comhalta Boird\*

**Karen Murphy\***, Comhairle na hÉireann  
maidir le Tithíocht Shóisialta

**John Fitzgerald**, Comhalta Boird\*

\*D'éag téarma an Uasail William B. Devine ar an gcoiste an 19/10/2014, d'éirigh an tUasal Tim Ryan agus Kathleen McKillion Uasal as an 26/03/2014 agus 27/06/2014 faoi seach. Tháinig an tUasal Noel Conroy (ceaptha an 27/06/2014), Karen Murphy Uasal (ceaptha an 27/06/2014) agus an tUasal John Fitzgerald (ceaptha an 29/08/2014) ina n-áit.

Fochoiste den Bhord is ea an Coiste Reachtaíochta, Cleachtais agus Nós Imeachta, a bunaíodh faoi fhorálacha Alt 157 den ATC. Is iad príomhfheidhmeanna an Choiste cúnaimh agus comhairle a thabhairt d'fheidhm reachtúil an Bhoird trí chomhairle a thabhairt don Aire ar nithe beartais, lena n-áirítear oibriú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, arna leasú agus na leasuithe atá molta ar an reachtaíocht sin.

Bhí dhá chruinniú déag ag an gCoiste sin in 2014, cuireadh cruinniú míosúil mhí Eanáir ar athló go dtí dáta ar leithligh mar gheall ar an líon míreanna a bhí ar an gclár oibre.

Chuaigh an Coiste i ngleic leis na bearta chun leasú a dhéanamh ar an RTA i rith na bliana agus díriodh go háirithe ar an scéim chosanta taiscí atá beartaithe chomh maith le hathruithe ar na socruithe do chlárú tionóntachtaí. Ar threoir ón mBord chas an Coiste leis an Roinn roinnt babhtáí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar dóigh go mbeadh tionchar acu ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí an BTCP. Ba léir an gá a bhí leis an idirghníomhú sin i lár na bliana nuair a fógraíodh an cinneadh go mbeadh an BTCP ag riaradh na scéime taisce go hiomlán, seachas cuideachta nó cuideachtaí príobháideacha a bheith ina bhun. Áirítear ar na saincheisteanna a d'ardaigh an Coiste i gcomhthéacs na moltaí athbhreithnithe, socruithe d'íocaíocht taiscí, na himpleachtaí mar go bhfuil an scéim aisebhreathnaitheach, nósanna imeachtaí éifeachtúla agus tráthúla chun taiscí a thabhairt ar ais, an fhéidearthacht taiscí a aistriú ó thionóntacht amháin go dtí tionóntacht eile, maoiniú na scéime agus feidhmiú na scéime do na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, agus ní éilíonn formhór acu sin go n-íocfaí taiscí.

Áirítear ar na saincheisteanna eile ar thug an Coiste aghaidh orthu i rith na bliana, an tionchar atá ag ceapachán



Glacadóirí ar shócmhainní tiarnaí talún agus an tionchar sin ag fás agus na himpleachtaí dá réir ar na tionóntaí reatha; impleachtaí d'fheidhmeanna gar-bhreithiúncha réitithe díospóide na moltaí an reachtaíocht Saoráil Faisnéise a shíneadh chuig an BTCP; an Scéim Cuidithe Cíos; nósanna imeachta chun go mbeidh an Bord in ann tuarascálacha réitithe díospóide a phróiseáil agus orduithe cinnidh a dhéanamh; cumhachtaí breithneoirí agus Binsí chun cigireacht a dhéanamh; saincheisteanna a bhaineann le foirceannadh tionóntachtaí Cuid a 4; agus na ceanglais ar bhreithneoirí agus ar Bhinsí nithe a thuairisciú a thabharfaí ar aird dóibh le linn éisteachta chuig na húdarais ábhartha, go háirithe i ndáil le sábháilteacht agus cosaint leanaí; rianú tapa ar chásanna Riaráistí Cíos agus Forfheidhmiú Orduithe Cinnidh trí Chlárlanna Cúirte.

neamhdhleathaigh). Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste in 2014. Lorg Coiste Alt 189 faoiseamh ar chás amháin agus bhronn an chúirt sin ina dhiaidh sin. Chomhaontaigh an Coiste gan cúiteamh a lorg faoin alt seo ar na trí ócáid eile.

### **AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014.**

De bhun a gcuid oibleagáidí faoin Acht Seo, deimhníonn an BTCP nach ndearnadh aon nochtadh in 2014.

## **6. COISTE ALT 189**

**Catriona Walsh**, Cathaoirleach,  
Cathaoirleach an Bhoird

**Tricia Sheehy Skeffington**, Comhalta Boird

**Gareth Robinson**, Comhalta Boird

**Tim Ryan**, Comhalta Boird

**Noel Conroy**, Comhalta Boird

Déanann Alt 189 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, foráil don Bhord chun iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Chuarda ar fhaoiseamh eatramhach nó idirbhreitheach sa chás go measann an Bord gur cúí amhlaidh a dhéanamh (mar shampla, i gcásanna díshealbhaithé

# [03] TFC SA BTCP

## COISTE STIÚRTHA TFC

**Gareth Robinson**, Cathaoirleach, Comhalta Boird\*

